

— NA SRAITHE SÓISEARAÍ —

STAIR

 Irish Aid

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

WorldWise
Global
Schools



AG GABHÁIL DON OIDEACHAS
SAORÁNACHTA
DOMHANDA

Athrú
Comhar
An Diaspóra
Easáitiú
An tAontas Eorpach
Gorta
Comhionannas inscne
Cinedhíothú
Cearta an Duine
An Fhéiniúlacht
Caidreamh idir tíortha
Ceartas
Cuimhne
Síocháin
Forbairt Inbhuanaithe
Na Náisiúin Aontaithe
Cogáí agus coinbhleachtaí

CÉARD ATÁ I GCEIST LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA?

MEONTA A ATHRÚ SCILEANNA A FHORBAIRT CUR LEIS AN EOLAS

Is próiseas oideachasúil é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) lena bhféachtar le cur le feachtas agus tuiscint an phobail ar an domhan seo againne, domhan atá ag athrú go tréan agus atá idirspiléach agus éagothrom. Tríd an OSD, déantar iarracht daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh mar shaoránaigh san anailís, sa mhachnamh agus sa ghníomhaíocht ina gceantair féin agus ar an leibhéal domhanda. Is éard atá i gceist leis an OSD ná tacú le daoine chun teacht ar thuiscint ar na struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha a bhaineann lena saol ar an leibhéal idirnáisiúnta, an leibhéal pearsanta, leibhéal an phobail, agus an leibhéal náisiúnta, agus dul i mbun gníomhaíochta chun na struchtúir sin a athrú ó bhonn.

Príomhghnéithe den Oideachas Saoránachta Domhanda:

- Modhanna atá dírithe ar an bhfoghlaim agus ar an rannpháirteachas
- Eolas faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an domhan

- Scileanna maidir le smaoineoireacht chriticiúil, machnamh, réiteach fadhbanna, anailís, obair foirne
- Luachanna agus meonta na dlúthpháirtíochta, an mheasa agus an chumhachtaithe
- Athrú a spreagadh ionas go mbeidh an domhan níos córa agus níos cothroime

*History says, Don't hope
On this side of the grave,
But then, once in a lifetime
The longed-for tidal wave
Of justice can rise up
And hope and history rhyme.*

Seamus Heaney, *The Cure at Troy: A Version of Sophocles' Philoctetes*

"Is iontach an bealach í an stair chun aghaidh a thabhairt ar an oideachas saoránachta domhanda. Trí staidéar a dhéanamh ar cheisteanna polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta a bhfuil baint acu leis an stair, cothaítear scileanna ó thaobh smaoineamh ar an leibhéal domhanda agus cothaítear inniúlacht ó thaobh na staire, agus is dhá ghné lárnacha iadsan de bheith i do shaoránach domhanda gníomhach."

Michael Manners,
Múinteoir i gColáiste Pobail na Ciseoige

AIDHM NA HACMHAINNE SEO

Is é is aidhm don acmhainn seo tacú le múinteoirí Staire maidir le béim a chur ar ghné an cheartais dhomhanda sa teagasc (cur chuige a mbaineann buntáistí móra oideachasúla leis), rud a chomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach sa tsonraíocht i gcomhair na Staire sa tsraith shóisearach, agus sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015). Tá sé seo ar cheann de shraith acmhainní de chuid Scoileanna Domhanda WorldWise a thacaíonn le múinteoirí i réimsí éagsúla ábhar agus iad ag tabhairt aghaidh ar théamaí agus coincheapa a bhaineann leis an Oideachas Saoránachta Domhanda. Leis an tsraith acmhainní Ag gabháil don OSD, cuirtear ar a gcumas do mhúinteoirí iarraidh ar na scoláirí breathnú ar an domhan seo againne, agus ar an méid is féidir linn féin a dhéanamh ionas go mbeidh sé níos córa, níos cothroime agus níos inbhuanaithe.

AN TOIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA (OSD) AGUS STAIR NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Aithnítear sa réasúnaíocht do Stair na Sraithe Sóisearaí an tábhacht a bhaineann leis an gcomhfhiosacht faoin stair, 'rud a chuireann ar ár gcumas muid féin a shuí in am agus ár dtáithí a chur i gcreat níos leithne de thaithí an duine,' mar scil thábhachtach chun 'an bealach a bhféachaimid ar an domhan agus ár n-áit sa domhan' a athrú ó bhonn agus muid a chur ar an eolas 'faoin gcaoi ar féidir linn na forbairtí domhanda atá amach romhainn a fheiceáil' (CNCM, 2017, leathanach 6).

Is iad na haidhmeanna céanna is bonn leis an Oideachas Saoránachta Domhanda agus le Stair na sraithe sóisearaí ó thaobh tréaniarracht a dhéanamh a chinntiú go gcothófar 'ómós d'ionracas agus do neamhchlaontacht sa scoláire nuair a dhéanann sé staidéar ar an stair' agus go mbeidh 'ar a chumas féachaint ar cheisteanna ó pheirspictíochtaí difriúla'; chun tacú leis an scoláire smaoineoireacht chriticiúil a dhéanamh sa chaoi is gur féidir leis 'foinsí faisnéise a dhiancheistiú, cinntí a dhéanamh faoi dhearcthaí a léiríodh, an cumas chun bolscaireacht a aithint san áireamh'. Tá sé i gceist leo araon cuidiú leis an scoláire 'tuiscint níos fearr a bheith aige faoin gcaoi a maireann daoine inniu' agus 'conas dul i ngleic le fadhbanna na linne seo' (CNCM, 2017, leathanach 7).

RÁITIS FOGHLAMA

Cuidíonn an OSD le baint amach gach ceann de na seacht Ráiteas Foghlama a luaitear sa tsonraíocht i gcomhair Stair na sraithe sóisearaí, ach is leis na ráitis seo a leanas is mó a bhaineann sé:

Ráiteas Foghlama 6:

Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu

Ráiteas Foghlama 7:

Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoaránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.

Ráiteas Foghlama 8:

Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.

Ráiteas Foghlama 9:

Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi.

gá obair bhreise a chur leis an Stair sa tsraith shóisearach chun bheith ag gabháil don OSD.

PRÍOMHSCILEANNA

Is mór an chosúlacht atá idir na hocht bpríomhscil atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) agus na scileanna a chothaítear le cur chuige an OSD. Dá bhrí sin, cuidíonn an OSD leis na scileanna lárnacha a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht i gcomhair na Staire sa tsraith shóisearach.



Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí




Fíor 1: Ocht bpríomhscil don tsraith shóisearach agus gnéithe príomhscile a ghabhann leo

TORTHAÍ FOGHLAMA AGUS MEASÚNÚ


Tá téamaí an Oideachais Saoránachta Domhanda ina ngné lárnach de na torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe den tsonraíocht i gcomhair na Staire sa tsraith shóisearach. San acmhainn seo, tugtar tacaíocht do mhúinteoirí ionas gur féidir leo deiseanna a thapú chun saibhreas eispéireas foghlama agus torthaí ar leibhéal éagsúla a chothú do na scoláirí, tacú le tascanna a bhaineann le measúnú foirmitheach agus measúnú suimitheach, idir fhéinmeasúnú agus phiarmheasúnú, agus aiseolas a thabhairt d'fhoghlaiméoirí aonair.

Tá na torthaí foghlama sa tsonraíocht Staire eagraithe ina dtrí shnáithe. Is snáithe bunúsach é Snáithe a hAon: 'Nádúr na Staire', lena gcuirtear gné iomlánaíoch an ábhair i láthair. Is snáitheanna comhthéacsúla iad Snáithe a Dó ('Stair na hÉireann') agus Snáithe a Trí ('Stair na hEorpa agus An Domhan Mór'). Tá na torthaí foghlama i Snáithe a hAon dírithe ar an rud is stair ann mar dhisciplín, agus is é atá i gceist leis na scileanna, na coincheapa, na luachanna agus na meonta is bonn le foghlaim na staire ná bonn eolais a chur faoin teagasc, faoin bhfoghlaim agus faoin measúnú atá ag gabháil leis na torthaí foghlama sa dá shnáithe chomhthéacsúla.



Fíor 2: Snáitheanna staire agus gnéithe na snáitheanna (ón tsonraíocht i gcomhair na Staire sa tsraith shóisearach)

Chun a léiriú an chaoi a bhfuil baint ag an OSD leis an iomaí gné de Stair na sraithe sóisearaí, pléitear san acmhainn seo le hocht dtoradh foghlama ó Shraith a Dó ('Stair na hÉireann') agus ó Shraith a Trí ('Stair na hEorpa agus an Domhan Mór'), atá ag gabháil leis na trí ghné chomhthéacsúla lena gclúdaítear snáitheanna éagsúla. Ós rud é gur snáithe foirmitheach, aontaitheach é 'Nádúr na Staire', tugtar aghaidh go sainráite ar thorthaí foghlama Shnáithe a hAon ar fud na ngníomhaíochtaí a mholtar san acmhainn seo.



Fíor 3: Torthaí foghlama a dtacaítear leo san acmhainn seo

Cur chuig an OSD i Stair na sraithe sóisearaí, is maith mar a oireann sé do na Measúnuithe Rangbhunaithe. Mar shampla, sna taispeántais a dhéanfaidh daoine aonair, beirteanna nó grúpaí faoin téama 'An t-am atá thart i m'áit féin' (MRB1) sa dara bliain, déanfaidh na scoláirí scrúdú ar cheist, imeacht, eachtra, téama nó duine a bhaineann lena gceantar féin, cuirfidh siad taispeántas le chéile faoi agus déanfaidh siad machnamh ar a gcuid oibre. Spreagann na Treoirínte Measúnachta scoláirí ó thíortha eile (nó scoláirí ar tháinig a muintir ó thíortha eile) chun díriú ar a dtír dhúchais féin nó ar thír dhúchais a muintire. Ar an gcaoi sin, cuireann na scoláirí lena dtuiscint ar dhifriochtaí agus éagsúlachtaí sa seomra ranga agus sa tsochaí (leathanach 9).

Ach díriú go sainráite ar an OSD i Stair na sraithe sóisearaí, is féidir leis na scoláirí obair fhiúntach a dhéanamh ar an taifead scríofa aonair 'Saol i dtréimhse ama' (MRB2), obair a dtugann siad fúithi agus iad sa tríú bliain. Mar shampla, d'fhéadfá tacú le do chuir scoláirí chun taifead scríofa a phleanáil, taighde a dhéanamh air, agus é a thabhairt i gcrích, agus ansin machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus ar an obair a dhéanann staraithe trí dhíriú ar an méid seo a leanas:

- Duine mór le rá sa stair ón Domhan Theas – mar shampla, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ag UNESCO maidir le Mná i Stair na hAfraice:
- Duine mór le rá i stair na hÉireann, na hEorpa nó an domhain mhóir a raibh tuairimí díongbhálte aige nó aici faoi cheisteanna atá fós ábhartha nó conspóideach, mar shampla Lady Jane Wilde (faoi chearta na mban), John Mitchel, William Wilberforce nó Frederick Douglass (faoin sclábhaíocht), Pádraig Mac Piarais (faoi íobairt fola), James Connolly (faoi chearta saothair), Caroline Chisholm (faoi chearta na n-imirceach), Che Guevara (faoin mbochtaineacht), Harvey Milk (faoi chearta LADT+), Maya Angelou (faoi chearta sibhialta) nó Wangari Maathai (faoin gcomhshaoil).
- Duine aitheanta sa stair a rinne ainghníomhartha i gcoinne grúpaí sonracha daoine, mar shampla Rí Leopold II na Beilge (sa Chongó), Adolf Hitler, Ismail Enver Pasha (i gcoinne mhuintir na hAirméine sa Tuirc), Pol Pot (sa Chambóid).

LEAGAN AMACH NA HACMHAINNE

Sna leathanaigh seo a leanas, cuirtear i láthair na torthaí foghlama a aithnítear i bhFíor 3 (leathanach 6), mar aon le heolas cúlra ábhartha (do na múinteoirí) agus smaointe i gcomhair gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh na scoláirí a dhéanamh sa seomra ranga agus lasmuigh de.

Tá ceanteideal Ag smaoinemh ar Spriocanna Domhanda i ngach roinn, ina ndéantar tagairt do cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Is sraith uilíoch spriocanna, cuspóirí agus táscairí iad sin, a bhfuiltear ag súil go mbainfidh ballstáit na Náisiún Aontaithe, Éire san áireamh, leas astu mar chreat dá gcláir oibre agus dá mbeartais go dtí 2030. Tagann na Spriocanna Domhanda sna sála ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise, a chuaigh in éag ag deireadh na bliana 2015, agus déanann siad leathnú orthu. Sa ról atá agaibhse mar mhúinteoirí Staire, bainfidh sibh an-tairbhe as na Spriocanna Domhanda ó thaobh féachaint chuige go 'spreagann eispéireas [...] an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil'. (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015. Creat don tSraith Shóisearach, leathanach 13).

TORADH FOGHLAMA MAR THÚS AISTIR	LEATHANACH
Toradh Foghlama 2.1	8
Toradh Foghlama 2.7	12
Toradh Foghlama 2.13	16
Toradh Foghlama 3.1	20
Toradh Foghlama 3.4	24
Toradh Foghlama 3.10	28
Toradh Foghlama 3.12	32
Toradh Foghlama 3.14	36



SNÁITHE A DÓ: STAIR NA HÉIREANN

GNÉ DEN SNÁITHE: PRÍOMHATHRUITHE A AITHINT



Toradh foghlama mar thús aistir = 2.1

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘an chaoi a raibh tionchar ag patrún lonnaíochta agus plandála ar fhéiniúlacht oileán na hÉireann, ag tagairt do shampla amháin de phatrún lonnaíochta, forbairt cathracha, mar shampla agus plandáil amháin, a aithint’.



FÓCAS:

An chaoi a ndeachaigh Cumann na gCarad i gcion ar fhás bailte, ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar an bhféiniúlacht ar oileán na hÉireann

Rugadh George Fox (1624-1691) in Leicestershire Shasana. Agus é ina fhear óg, ba chúis díomá aige é an chaoi a mbíodh an eaglais ró-thugtha do shaibhreas an tsaol. In éineacht le daoine eile a bhí ag iarraidh saol simplí Críostúil a chaitheamh, bhunaigh sé Creideamh-Chumann na gCarad, nó ‘na Caecair’ mar a thugtaí orthu freisin. Reáchtáladh na chéad Chruinnithe Adhartha de chuid an Chumainn sin in Éirinn, go bhfios dúinn, in 1654 i dteach William Edmundson sa Lorgain, i gContae Ard Mhacha. Idir sin agus an Chéad Chogadh Domhanda, chuir baill de chuid an Chumainn go mór leis an bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch ar oileán na hÉireann.

I rith na 1680idí, bhí Caecair ó Thuaisceart Shasana ina measc siúd a tháinig go hÉirinn mar lonnaitheoirí in aimsir Phlandáil Uladh. Cuid den chéad dream acu a tháinig go hUlaidh, choinnigh siad orthu chomh fada le lár na tíre. Tháinig borradh mór faoi bhailte cosúil le Móinteach Mílic i gContae Laoise mar gheall ar na deiseanna fostaíochta a bhí ann i dtionscail a bhí faoi úinéireacht ag baill de Chumann na gCarad. I Móinteach Mílic, d’éirigh chomh maith leis na gnólachtaí sin gur tugadh ‘Manchain na hÉireann’ ar an mbaile sin.

Ar fud na hÉireann, bhí baint ag Cumann na gCarad le muilleoireacht, teicstílí, loingseoireacht, allmhairí agus onnmhairí, bia, tobac, grúdaireacht, táirgeadh iarainn agus na hiamróid, agus ba mhínic gur leo féin na gnólachtaí sin. Sa lá atá inniu ann, tá go leor sloinnte de chuid na gCarad fós le cloisteáil in earnáil na tráchtála, ar nós Goodbodys, Bewleys, Pims, Lambs, Jacobs, Edmundsons, Perrys agus Bells.

D’éirigh go geal le teaghlach de chuid na gCarad i gcúrsaí gnó ar chúiseanna éagsúla: mar gheall ar an gcreideamh a bhí acu, chreid siad gur cheart praghas réasúnta a ghearradh ar tháirge ardchaighdeán, agus chreid siad gur cheart an gnó a dhéanamh go macánta ionraic. Saol réasúnta simplí a chaithidís: ní bhídís ag gabháil don chearrbhachas ná don ól, ná ní chaithidís a lán airgid ar thithe ná ar éadaí, agus níor nós leo airgead a chaitheamh go rabairneach. Chuidigh sé sin leo airgead a shábháil chun a gcuid gnólachtaí a bhunú agus chun deacrachtaí eacnamaíocha a shárú. Ós rud é gur chreid siad nár cheart mionn a thabhairt, agus an mionn dílseachta don mhonarc san áireamh, níorbh fhéidir leo dul chuig an ollscoil agus ina áit sin luigh siad isteach ar chúrsaí gnó. Bhí dlúthchaidreamh idir teaghlach de chuid na gCarad ar fud na hÉireann, agus ba mhínic leo cuairt a thabhairt ar Thithe Tionóil a chéile. Dhéanfadh daoine as teaghlach amháin a gcuid printiseachtaí i ngnólachtaí a bhí ag teaghlach eile de chuid na gCarad, agus ba mhínic a phós siad daoine den chreideamh céanna leo féin.

Bhí dea-cháil orthu mar fhostóirí, agus bhí na hoibrithe dílis dóibh dá bharr sin. I gcás mhuintir Malcomson, a raibh muileann ollmhór cadáis acu i bPort Laoise, Contae Phort Láirge (a raibh 1,800 duine fostaíthe ann sna 1840idí), thóg siad sráidbhaile eiseamláireach dá gcuid oibrithe. Muintir Richardson, a bhí ag gabháil do ghnó an líneadaigh i gContae Ard Mhacha, thóg siad sráidbhaile eiseamláireach sa Sruthán.

Le himeacht na mblianta, tháinig an cháil ar bhaill Chumann na gCarad gur leasaitheoirí í, agus iad á spreagadh ag an mbunphrionsabal a bhí acu go bhfuil gach duine ar chomhchéim. Chuir siad i gcoinne na sclábhaíochta agus gach saghas cogaidh toisc nach raibh siadsan ag teacht le meon agus teagasc Chríost. Bhí baint acu leis an leasú ar chóras na bpríosún agus rinne siad iarracht deireadh a chur le pionós an bháis. Bhí meas mór ar scoileanna Chumann na gCarad as ucht ardchaighdeán an oideachais iontu. Scoileanna ilchreidmheacha a bhí iontu, ar nós scoil chónaithe Chumann na gCarad i mBéal Átha an Tuair, Contae Chill Dara (baile eile a raibh borradh faoi mar gheall ar Chumann na gCarad), ar ar fhreastail Paul Cullen (an chéad Chairdinéal Caitliceach in Éirinn) Napper Tandy (réabhlóidí) agus Edmund Burke (parlaiminteoir).

In 1846, tráth a raibh Éire á réabadh ag an nGorta Mór, bhí baint mhór ag Cumann na gCarad le bunú na dtithe anraith, agus chuir siad síolta ar fáil lena gcur agus thacaigh siad le tionscal na hiascaireachta. Bhunaigh baill de Chumann na gCarad baile Leitir Fraic i gContae na Gaillimhe an tráth sin. Tiarnaí talún arbh ea James agus Mary Ellis i Leitir Fraic ó 1849 ar aghaidh. Thóg siad teach scoile, chuir siad áiteanna cónaithe ar fáil do cheardaithe, agus d’oscail siad siopa agus clinic, agus óstán nach raibh aon deochanna meisciúla ar fáil ann. Bhunaigh Cumann na gCarad Coiste Faoisimh Láirne i mBaile Átha Cliath, agus dháil baill den Chumann ó Bhéal Feirste, Port Láirge, agus Luimneach éadaí, uirlisí iascaireachta agus uirlisí feirmeoireachta, agus níos mó ná 36,000 punt síolta sa chaoi is go bhféadfaí barra a chur ar 10,000 acra talún. Faoi 1852, bhí cúnadh tugtha ag Cumann na gCarad do 40,000 duine agus bhí £100,000 bailithe acu chuige sin, méid atá cothrom le €10 milliún in airgead an lae inniu. Baineadh úsáid as cuid den airgead sin chun íoc as an eisimirce go Ceanada agus go Meiriceá.

I dTuaisceart Éireann, bhí Cumann na gCarad ag obair ar mhaithe leis an tsíocháin agus an athmhuintearas. Nuair a tosaíodh ar an imtheorannú in 1971, bhunaigh Coiste Seirbhíse Chumann na gCarad in Ulaidh an tIonad Cuairteoirí i bPríosún na Ceise Fada, agus chuir siad mionbhus ar fáil chun cabhrú le daoine muinteartha le príosúnaigh a raibh deacrachtaí iompair acu. In 1980, osclaíodh ‘Quaker Cottage’ ar shuíomh sa Sliabh Dubh, siar ó Bhéal Feirste, agus cuireadh grúpa tacaíochta trasphobail ar bun ansin a bhíodh ag obair le máithreacha agus páistí ó phobail mheasctha. In 1982, osclaíodh ‘Quaker House’ i mBéal Feirste mar chomhthionscadal de chuid bhaill de Chumann na gCarad ón mBreatain agus ó Éirinn chun spás a chur ar fáil ina bhféadfadh daoine a raibh dearcthaí difriúla acu teacht le chéile agus labhairt le chéile.

Tá meath sóisialta agus eacnamaíoch na gCarad in Éirinn ag dul siar chomh fada leis an mbliain 1860, nuair a thug siad leasuithe isteach faoinar ceadaíodh dóibh daoine nár bhaill den Chumann iad a phósadh. Tar éis an chéad Chogaidh Dhomhanda, chlis ar na gnólachtaí a bhí ag go leor muilleoirí de chuid na gCarad agus le himeacht an 20ú haois ba lú an ról a bhí acu i gcúrsaí gnó na hÉireann. Ba é caifé Bewleys an gnólacht mór deireanach i mBaile Átha Cliath a bhí á rith ag Cumann na gCarad, agus ceannaíodh uathu é sna 1980idí. I nDaonáireamh na bliana 2016, fuarthas go raibh 848 mball de Chumann na gCarad ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann.



Is éard atá i dTaipéis na gCarad ná 77 bpainéal a léiríonn stair Chumann na gCarad ón 17ú haois go dtí an lá atá inniu ann. In 1981, mhol buachaill 11 bhliain d’aois ag cruinniú de chuid Chumann na gCarad in iardheisceart Shasana go bhféadfaí scéal na gCarad a insint ar thaipéis. Bheartaigh a mhúinteoir, Anne Wynn-Wilson, bróidneoir cumasach, an tionscadal sin a chur ar bun faoina treoir féin. Bhí ceithre mhíle duine, idir fhir, mhá agus pháistí, as 15 tír ag obair ar an taipéis sin idir 1981 agus 1989. Bróidneireacht chriúil (crewel embroidery) atá i gceist leis an taipéis, ag baint úsáid as snáth olla a sníodh de lámh. Ceithre chineál greama aitheanta a úsáideadh ar an taipéis (greim scoilte, gasghreim, greim slabhra agus snaidhm Phéicing), agus cheap Wynn-Wilson greim nua, ar a dtugtar greim na gCarad, ionas go bhféadfaí coinneáil le cuairt na litreacha.



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

aoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách.
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha.
- **Sprioc 11:** A chinntiú go mbeidh cathracha agus lonnaíochtaí daoine cuimsitheach agus sábháilte, go mbeidh teacht aniar iontu agus go mbeidh siad inbhuanaithe.



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Baile a phleanáil

Bainteach freisin le *Torthaí Foghlama 1.3 agus 2.11*

Roghnaigh an baile is gaire duit in Éirinn a raibh tionchar mór ag na Caecair (baill de Chumann na gCarad) air (mar shampla, Móinteach Mílic, Contae Laoise; Clóirtheach, Contae Uíbh Fhailí; Port Láach, Contae Phort Láirge; An Sruthán nó An Lorgáin, Contae Ard Mhacha).

Déan taighde ar líne faoi stair Chumann na gCarad sa bhaile sin, agus díriú go háirithe ar eolas agus íomhánna a bhaineann le foirgnimh stairiúla dá gcuid.

Bain úsáid as an méid atá ar eolas agat faoi Chreideamh-Chumann na gCarad chun plean a dhéanamh i gcomhair baile de chuid an Chumainn sin. Bíodh tithe, scoil, teach tionóil, óstán nach bhfuil aon deochanna meisciúla ar fáil ann, reilig agus modhfheirm (feirm eiseamláireach) sa bhaile.

Míreanna mearaí stairiúla

Roinn an rang ina chúig ghrúpa scoláirí. Déanfaidh gach grúpa taighde ar cheann de na gnólachtaí seo a leanas a bhunaigh na Caecair: caifé mhuintir Bewley i mBaile Átha Cliath, gnólacht brioscaí mhuintir Jacob, an gnólacht dlí A & L Goodbody, cuideachta iarnróid mhuintir Pim, monarcha ghloine mhuintir Penrose i bPort Láirge.

Nuair a bheidh saineolas ag na grúpaí éagsúla sin faoin ngnólacht a roghnaigh siad, atheagraigh na grúpaí sa chaoi is go mbeidh saineolaí amháin i leith gach gnólachta i ngach grúpa. Iarr ar na scoláirí an méid atá foghlamtha acu a mhúineadh dá chéile.

Cuardaigh foinse

Bainteach freisin le *Torthaí Foghlama 1.8 agus 2.7*

Ball de Chumann na gCarad ó Shasana arbh ea William Bennett, a thaistil thart timpeall iarthar agus iardheisceart na hÉireann i Márta agus Aibreán na bliana 1847. Go gairid ina dhiaidh sin d'fhoilsigh sé leabhar, dar teideal Narrative of a Recent Journey of Six Weeks in Ireland in Connexion with the Subject of Supplying Small Seed to some of the Remote Districts with Current Observations on the Depressed Circumstances of the People, and the Means Presented for the Permanent Improvement of their Social Condition (Londain 1847). Thug Bennett an t-airgead a fuarthas ón leabhar sin chun cuidiú le daoine a bhí buailte ag an ngorta.

Cuardaigh an leabhar sin le William Bennett ag <http://www.worldcat.org> agus déan liosta de thrí leabharlann ar a laghad ina bhfuil an leabhar.

Gníomhaithe Gnaíúla

Bainteach freisin le *Torthaí Foghlama 1.8 agus 2.7*

I dtréimhsí éagsúla, bhí baill de Chumann na gCarad ar fud an domhain gníomhach sna réimsí seo a leanas: (1) an ghluaiseacht frithsclábhachta; (2) cearta na mban; (3) athchóiriú na bpríosún; (4) cóireáil othar in institiúidí meabhairshláinte nó i dtithe na ngealt; agus (5) feachtais síochána agus athmhuintearais.

Faigh amach cén duine mór le rá de bhaill an Chumainn a bhaineann le gach ceann de na gluaiseachtaí nó na feachtais sin.

Cruthaigh amlíne de ghníomhaithe ar bhaill den Chumann iad, agus rianaigh scéal na ngluaiseachtaí sin nó na bhfeachtais sin i gcomhair athrú sóisialta ón uair a cuireadh tús leo go dtí gur tháinig deireadh leo.

Gealltanas ó Chumann na gCarad

Bainteach freisin le *Toradh Foghlama 1.10*

In 2011, thug Cumann na gCarad sa Bhreatain gealltanas poiblí go mbeidís ina bpobal inbhuanaithe ísealcharbóin. Bíonn siad i mbun feachtais ar son na haeraide agus an cheartais fuinnimh, agus ar son geilleagar níos cothroime a chothú nach mbeidh ag brath ar chumhacht ó bhreoslaí iontaise (gual, ola agus gás). Samhlaigh gur iarradh ortsa an 78ú painéal a dhearadh le haghaidh Thaipéis na gCarad chun an tiomantas sin don fhorbairt inbhuanaithe a cheiliúradh. Cuir do sceitse i láthair an ranga, agus mínigh na gnéithe éagsúla den dearadh atá beartaithe agat.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
In 2018, ba í Éire an chéad tír ar domhan a rith bille lenar cuireadh deireadh le hinfheistiú airgid poiblí i mbreoslaí iontaise.



Naisc Úsáideacha

Leabharliosta

- M. Goodbody, *The Goodbodies: Millers, Merchants and Manufacturers – the story of an Irish family, 1630-1950* (Baile Átha Cliath, 2011)
- C. Keena, 'A Quaker take on Irish business history' san *Irish Times*, 2 Márta 2013: <https://www.irishtimes.com>
- J. O'Brien, 'How the Quakers changed Ireland for good' san *Irish Independent*, an 16 Iúil 2018: <https://www.independent.ie>
- Taipéis Chumann na gCarad: <https://www.quaker-tapestry.co.uk/>
- Creideamh-Chumann na gCarad in Éirinn: <https://quakers-in-ireland.ie>

SNÁITHE A DÓ: STAIR NA HÉIREANN

GNÉ DEN SNÁITHE: DAOINE, CULTÚR AGUS SMAOINTE A FHIOSRÚ



Toradh foghlama mar thús aistir = 2.7

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'iniúchadh a dhéanamh ar chúiseanna, cúrsa agus iarmhairtí an Ghorta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus fiosrú a dhéanamh ar thábhacht an Diaspóra Éireannaigh'.



FÓCAS:

An tábhacht a bhaineann le diaspóra na hÉireann i gcomhthéacs daoine a bheith á n-easáitiú ar domhan sa lá atá inniu ann

In 2017, ag óráid a tugadh nuair a nochtadh leacht cuimhneacháin don Ghorta in Subiaco, Perth, san Astráil, chuir Micheál D. Ó hUiginn dídeanaithe na linne seo i gcomparáid leis na milliúin Éireannach a theith as Éirinn le linn an Ghorta Mhóir agus ina dhiaidh.

Muidne atá de bhunús na hÉireann, an féidir linn ceacht a fhoghlaim ó stair ár muintire féin anois, tráth a bhfuil níos mó daoine easáitithe ar domhan ná mar a bhí riamh ó aimsir an Dara Cogadh Domhanda? An cruachás ina bhfuil na daoine sin atá á gcur féin sa bhearna bhaol chun ilchríocha agus farraigí a thrasnú agus iad sa tóir ar dhídean nó ar shaol níos fearr, an mór idir é agus an cruachás ina raibh ár muintir féin agus gan acu ach rogha an dá dhíogha?

Thart ar dheich milliún duine atá imithe ar imirce ó Éirinn ón mbliain 1800 i leith. Measann na staraith gur fhág 1.5 milliún díobh siúd slán le hÉirinn díreach tar éis an Ghorta Mhóir 1845-1849, nó sna blianta beaga ina dhiaidh sin. Sa lá atá inniu ann, meastar go bhfuil 70 milliún duine ar fud an domhain a mhaíonn gur de bhunadh na hÉireann iad.

Tá coincheap na himirce mar bhealach chun dul in oiriúint do chúinsí an tsaoil le sonrú thar roinnt de na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe. Fágann daoine a n-áit chónaithe mar gheall ar an ocras (Sprioc 2), ag cuardach oibre agus caighdeán maireachtála réasúnta (Sprioc 8), mar gheall ar ghéarleanúint nó ar choinbhleacht (Sprioc 10) agus/nó mar gheall ar iarmhairtí an athraithe aeráide (Sprioc 13).

Is iomaí tír a onnmhairíonn ola nó iarann, cruach nó ór, nó barr éigin, ach ní raibh ach aon chineál onnmhairithe amháin i gceist in Éirinn agus ba é sin muintir na tíre féin.

John F. Kennedy, Uachtarán Mheiriceá, óráid le linn a chuairte ar Éirinn in 1963

Téigh in oiriúint don saol nó gheobhaidh tú bás. Sin é ceacht na beatha agus is ceacht é nárbh fhéidir é a sheachaint riamh.

H.G. Wells,
údar Sasanach

Is treise anois ná riamh é an t-easáitiú éigeantach. In 2018, mheas UNHCR gur cuireadh iallach ar 68.5 milliún duine ar fud an domhain, an líon daoine ba mhó riamh, imeacht óna n-áiteanna cónaithe féin. Ina measc siúd bhí beagnach 25.4 milliún dídeanach, a bhfuil níos mó ná a leath faoi 18 mbliana d'aois. I gcás daichead milliún díobh siúd arbh éigean dóibh teitheadh, rinneadh iad a easáitiú laistigh dá dtír féin, ní hionann agus cás na ndídeanaithe. In 2018, bhí formhór na ndídeanaithe sa Tuirc, in Uganda, sa Phacastáin, sa Liobáin agus i bPoblacht Ioslamach na hIaráine.

Is í an Eoraip an ceann scríbe a bhíonn ag mionlach dídeanaithe gach bliain:

BLIAIN	Líon na ndaoine a tháinig ón Meánmhuir	Daoine a fuair bás nó nach bhfuil tásc ná tuairisc orthu
2017	172,301	3,139
2016	362,753	5,096
2015	1,015,078	3,771
2014	216,054	3,538

In ainneoin nach é sin a cheapann daoine, is sa Domhan Theas is measa atá géarchéim na ndídeanaithe, agus ní géarchéim í nach bhfuil ag dul i bhfeidhm ach ar na tíortha saibhre sa Domhan Thuaidh amháin.

In 2015, bunaíodh Clár Cosanta na hÉireann do Dhídeanaithe (IRPP). Faoin gclár sin, gheall rialtas na hÉireann glacadh le 4,000 dídeanaí, trí shásraí éagsúla. Faoin 5 Iúil 2018, bhí 1,022 iarrthóir tearmainn – as an 2,622 duine a raibh súil leo – tagtha go hÉirinn ón nGréig faoi Chlár Athlonnaithe an Aontais Eorpaigh. Bhí 1,040 dídeanaí ceaptha teacht faoi chlár athlonnaithe UNHCR, ach is amach sa bhliain 2018 nó in 2019 atáthar ag súil le cuid mhór de na daoine sin anois. Tháinig dídeanaithe eile go hÉirinn trí Thionscadal Speisialta Calais, cé nár tháinig ach 36 dhuine den 200 mionaoiseach gan tionlacan a raibh súil leo faoi mhí an Mhárta 2018, agus tháinig tuilleadh fós trí scéimeanna chun teaghlaigh a athaontú. An mhoill sin maidir le spriocanna a bhaint amach, deirtear gurb é is cúis léi ná ró-mhaorlathas i dtíortha eile san Aontas Eorpach, go háirithe ó thaobh imréiteach slándála do dhídeanaithe.



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- Sprioc 2:** Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn.
- Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách.
- Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha.
- Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí.





Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Ar an léarscáil

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1 agus 2.11

Labhair le daoine muinteartha leat faoin imirce i do theaghlach féin san am atá thart. Faigh amach cá as ar tháinig do ghaolta féin nó cá ndeachaigh siad.

Sa seomra ranga, bain úsáid as dhá bhiorán dhaite dhifriúla (ceann a léiríonn ‘tháinig ó’ agus ceann eile a léiríonn ‘bhog go’) chun na háiteanna sin a thaispeáint ar léarscáil an domhain. Pléigh an raon áiteanna ar an léarscáil, an ceangal atá ag do theaghlach féin leis na háiteanna sin faoi láthair agus aon chuimhní cinn spéisiúla a chuala tú le linn do chuid taighde, nó cuimhní cinn a chuir iontas ort.

Léaráid Venn

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1 agus 3.14

Fágann daoine a dtír dhúchais ar an iomaí cúis, uaireanta mar gheall gur mian leo fágáil agus uaireanta mar nach bhfuil an dara rogha acu.

Déan comparáid idir na fáthanna ar fhág Éireannaigh an tír seo le linn an Ghorta Mhóir agus na rudaí a chuireann iallach ar dhéanaithe teitheadh óna dtithe féin. Bain úsáid as léaráid Venn ina bhfuil dhá chiorcal fhorluiteacha chun é sin a léiriú. Úsáid an léaráid Venn a rinne tú chun freagra a thabhairt ar an gceist a chuir Micheál D. Ó hUiginn: *An cruachás ina bhfuil na daoine sin atá á gcur féin sa bhearna bhaol chun ilchríocha agus farraigí a thrasnú agus iad sa tóir ar dhídean nó ar shaol níos fearr, an mór idir é agus an cruachás ina raibh ár muintir féin agus gan acu ach rogha an dá dhíogha?*

Gailearaí

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.1

Dar leis an staraí, L. Perry Curtis, sa tréimhse idir 1840 agus 1900 tháinig athrú ar an gcaoi ar léiríodh Éireannaigh i nuachtáin sa Ríocht Aontaithe agus i Meiriceá (féach an nasc thíos). I dtús báire, sna cartúin pholaitiúla, tarraingíodh iad amhail is gur thuathánaigh iad a bhí tugtha don ól, gan dochar ar bith iontu. Bhí athrú le feiceáil air sin tar éis na 1860idí, agus tosaíodh á léiriú mar dhaoine a raibh cuma ápa orthu, a chuir isteach ar an dlí agus an ord. Sa Ríocht Aontaithe, bhí baint ag an athrú sin leis an bhfáitíos a bhí ar dhaoine roimh an bhFíneachas, agus, i Meiriceá, luaitear an t-athrú sin le dul i dtreise an dúchasachais mar gheall ar an méadú a bhí ag teacht ar líon na n-imirceach ó Éirinn agus ó thíortha eile.

Cuardaigh Google i gcomhair cartúin ina léirítear inimircigh Éireannacha i bhfoilseacháin ó ré Vichteoiria (mar shampla, An Ríocht Aontaithe: Punch, July; Stáit Aontaithe Mheiriceá: Harper’s Weekly, Puck).

Cruthaí gaileraí ranga de na cartúin sin agus pléigí an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag na híomhánna sin ar inimircigh a tháinig ó Éirinn chuig an Ríocht Aontaithe agus chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá an tráth sin

An Diaspóra ar leac an dorais

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1 agus 3.14

Cuardaigh na meáin chun samplaí a fháil de phictiúir, ceannlínte agus ailt ina dtugtar léargas dearfach, léargas diúltach, nó léargas cothrom ar dhéanaithe agus inimircigh sa lá atá inniu ann. Leid: b’fhéidir gur mhaith leat breathnú ar dtús ar an tsraith alt le Sorcha Pollak san Irish Times ‘New to the Parish’ (féach an nasc thíos).

Bain úsáid as meabhairmhapáí chun comparáid a dhéanamh idir an chaoi a léirítear dídeanaithe an lae inniu sna meáin agus an chaoi ar léiríodh inimircigh Éireannacha san am atá thart.

Plaiceard

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1, 2.13, agus 3.14

Samhlaigh go bhfuil tú ag freastal ar mhórshiúl, ag déanamh ceiliúradh ar éacht na hÉireann maidir leis an ngéarchéim imirceach atá ann faoi láthair, nó ag agóid i gcoinne easpa gníomhaíochta na hÉireann sa réimse sin.

Dear an plaiceard a d’iomprófa agus tú ag máirseáil. Ba chóir an méid seo a leanas a bheith ar an bplaiceard: íomhá agus/nó téacs lena chur in iúl go soiléir cé acu an ag ceiliúradh nó i mbun agóide atá tú; agus ceangal éigin idir géarchéim na n-imirceach faoi láthair agus stair na n-eisimirceach sa tír seo.



Naisc Úsáideacha

Leabharliosta

- Freagra scríofa ó dhíospóireacht Dála maidir leis an gclár chun dídeanaithe a athlonnú (Mick Wallace agus David Staunton) ar an 5 Iúil 2018: <https://www.kildarestreet.com>
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ‘Irish Refugee Protection Programme’: <http://www.integration.ie>
- EMIGRE: Current Irish Emigration and Return, An Roinn Tíreolaíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh: <https://www.ucc.ie/en/emigre/>
- EPIC: Músaem eisimirce na hÉireann: <https://epicchq.com/>
- Rialtas na hÉireann, ‘Domhanda agus Diaspóra’: <https://www.ireland.ie>
- Micheál D. Ó hUiginn, óráid ó Uachtarán na hÉireann tráth a nochtadh Leacht Cuimhneachán an Ghorta Mhóir, Subiaco, Perth na hAstráile, Dé Luáin an 9 Deireadh Fómhair 2017: <https://static.rasset.ie/documents/news/2017/10/president-higgins-speech-perth-australia.pdf>
- Tairseach sonraí maidir le hoibríochtaí de chuid UNHCR – Staitisticí maidir le teacht dídeanaithe ar an Meánmhuir: <http://data2.unhcr.org/en/>
- Sracfhéachaint ar fhigiúirí UNHCR maidir le dídeanaithe: <http://www.unhcr.org>
- L. Perry Curtis. Apes and Angels: The Irishman in Victorian caricature (Washington agus Londain, 1974).

An Diaspóra ar leac an dorais:

- Sraith alt le Sorcha Pollak san Irish Times ‘New to the Parish’: <https://www.irishtimes.com>



In Arrival, saothar dealbhóireachta cré-umha a rinne John Behan, fear a rugadh i mBaile Átha Cliath, léirítear eisimircigh ag teacht den long feadh dhá stangairt i dtreo na hAbhann Thoir i Nua-Eabhrac. Bhronn Rialtas na hÉireann ar na Náisiúin Aontaithe é sa bhliain 2000. Grianghraf/John McIlwaine.



Toradh foghlama mar thús aistir = 2.13

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘anailís a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar fhorbairt nasc na hÉireann leis an Eoraip’.



FÓCAS: RÓL AN AONTAIS EORPAIGH SA PHRÓISEAS SÍOCHÁNA

In 2012, bronnadh Duais Síochána Nobel ar an Aontas Eorpach (AE). Agus cúis á tabhairt aige leis an gcinneadh sin, thug coiste Dhuais Síochána Nobel na hIorua aitheantas don toradh is tábhachtaí atá bainte amach ag an Aontas Eorpach mar seo a leanas: ‘an toradh a bhí ar an streachailt ar son na síochána agus an athmhuintearais agus ar son an daonlathais agus chearta an duine’. Bhí ‘ról cobhsaíochta’ ag an Aontas Eorpach – agus tá fós – ‘a chuidigh leis an gcuid is mó d’ilchríoch na hEorpa a thabhairt chun cinn ón gcogaíocht go dtí an tsíocháin’ (Coiste Nobel na hIorua, 2012).

Leag an coiste béim ar an méid a bhí déanta ag an Aontas Eorpach ar mhaithe lena chinntiú gur dheacair a shamhlú go mbeidh sé ina chogadh arís idir na baill a bhunaigh é. Thug an coiste moladh freisin don chaoi a raibh sé ina thoradh ar an rún a bhí ag na Balcáin teacht isteach san Aontas Eorpach go ndearnadh dul chun cinn maidir le réiteach a fháil ar choinbhleachtaí náisiúnta a bhí bunaithe ar eitneachas, agus gur cothaíodh meon an athmhuintearais sna tíortha sin. Leag sé béim ar an ról atá ag an Aontas Eorpach maidir leis an daonlathas a neartú sna ballstáit. I súile an choiste, bhí níos mó i gceist leis an tsíocháin ná gan cogadh a bheith ann: níor mhór freisin gur lú an baol go dtarlódh coinbhleacht.

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, shamhlaigh bunaitheoirí an Aontais Eorpaigh – Jean Monnet, Robert Schuman, Paul-Henri Spaak, Alcide de Gaspari agus Konrad Adenauer, i measc eile – go bhféadfaí cineál comhpháirtíochta idirnáisiúnta nua a bhunú idir tíortha a bhíodh ina gcéilí comhraic nó ag sárú ar a chéile roimhe sin ar fud na hIlchríocha, agus rinne siad iarracht é sin a chur i ngníomh trí neartú a dhéanamh ar naisc thrádála, tríd an gcinnteoireacht a chomhroinnt agus trí institiúidí fornáisiúnta a chur ar bun. Chreid siad go docht daingean, ó thaobh na moráltachta agus na polaitíochta de, nár mhór athmhuintearas a bheith idir an Fhrainc agus an Ghearmáin sa chaoi is go mbeadh síocháin bhuan san Eoraip. An t-aontas sin, nach raibh ann ach aontas eacnamaíoch (Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa nó CEE) nuair a bunaíodh é sa bhliain 1958, tháinig sé chun bheith ina aontas polaitiúil a bhfuil beartais chomhroinnte aige i réimsí cosúil le cúrsaí aeráide, an comhshaol, cúrsaí sláinte, caidreamh seachtrach agus cúrsaí slándála, an ceartas agus cúrsaí imirce.

Tháinig an Bhreatain agus Éire isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) le chéile in 1973. Ba mhór an tionchar a bhí aige sin ar an gcaidreamh idir Éire agus an Bhreatain, a comharsa béal dorais. Roimhe sin, ba mhinic a bhíodh teannas sa cheangal polaitiúil idir an dá thír. Bhí easaontas ann maidir le ceisteanna bunreachtúla le linn na 1930idí, tráth a ndearna Saorstát na hÉireann iarracht brú chun cinn leis an deighilt pholaitiúil ón Ríocht Aontaithe. Go dtí na 1950idí féin, bhíodh Éire i mbun feachtais thar lear i gcoinne na críochdheighilte. Thosaigh ‘Na Trioblóidí’ i dTuaisceart Éireann díreach ceithre bliana sula ndeachaigh an dá thír isteach san Aontas Eorpach. Ag an am sin, bhí cineálacha cur chuige an-difriúil ag Londain agus Baile Átha Cliath i leith na coinbhleachta sa Tuaisceart agus faoin gcaoi a bhféadfaí í a réiteach. Tar éis don dá thír dul isteach san Aontas Eorpach, neartaigh an caidreamh déthaobhach idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, a bhí leis an timpeallacht iltaobhach inar fheidhmigh an tAontas.

Tá clár thiomnaithe PEACE i dTuaisceart Éireann á maoiniú ag an Aontas Eorpach ó 1995 i leith. Idir 1995-2013, maoiniú dar luach EUR 1.3 billiún a tugadh dóibh. Fuair PEACE I (1995-1999) agus PEACE II (2000-2006) maoiniú ó Chistí Struchtúracha uile an Aontais Eorpaigh, ach is ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) amháin a tugadh maoiniú do PEACE III (2007-2013). Ba chláir chomhoibríthe thrasteorann, idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, a bhí i gceist le gach clár PEACE ar an oileán, agus dhá phríomhchuspóir a bhí leo:


- meon an athmhuintearais a chothú idir pobail a raibh baint acu leis an gcoinbhleacht i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha na teorann in Éirinn; agus
- cuidiú leis an tsíocháin a chur i réim trí infheistíocht a dhéanamh sa chobhsaíocht eacnamaíoch agus shóisialta.

Ceithre phríomhchuspóir a bhí leis an gclár ba dhéanaí (PEACE IV, 2014-2020), a raibh luach iomlán EUR 270 milliún aige:

- oideachas comhroinnte;
- cabhrú le páistí agus le daoine óga;
- spásanna agus seirbhísí comhroinnte a bhunú;
- caidreamh dearfach a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil.

Ó 1995 i leith, tá an clár PEACE – atá á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach – tar éis airgead a infheistiú i dtionscadail chun tacú le híospartaigh agus le daoine a tháinig slán ó na trioblóidí, daoine óga, gnólachtaí, tionscadail bhonneagair agus tionscadail chun limistéir uirbeacha a athghiniúint, chomh maith le tionscadail a thacaíonn le hinimircigh agus lena ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht na gcúlraí eitneacha sa tsochaí. Meastar anois gur eiseamláir den scoth é an clár sin den bheartas chun an tsíocháin a chothú, agus d’fhéadfaí leas a bhaint as an tsamhail chéanna i réigiúin eile ina raibh coinbhleachtaí ag tarlú san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Nuair a vótáil an Ríocht Aontaithe ar son imeacht as an Aontas Eorpach, tháinig sé i gceist go mb’fhéidir go mbunófaí an teorainn arís idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, fiú amháin mura mbeadh ann ach chun aontas custaim an Aontais Eorpaigh a choinneáil sláin. Pé dochar eile a dhéanfadh an teorainn sin, bheadh an éifeacht aici ar a laghad go mbainfí an bonn don obair dhiongbháilte atá á déanamh ag an Aontas Eorpach ar mhaithe leis an bpróiseas síochána i dTuaisceart Éireann.



Fíor 6: Torthaí reifreann na Ríochta Aontaithe maidir le ballraíocht san Aontas Eorpach, 2016 (Reifreann an Bhreiteimeachta)



Ag smaoinemh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 16:** Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag cách agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal.



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Aimsigh foinsí

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.6, 1.8 agus 1.10

Foghlaim faoi aistear na hÉireann chun a bheith ina ball den Aontas Eorpach (an CEE, mar a tugadh air an tráth sin) idir 1950-1973 trí chomhad PDF a íoslódáil ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (féach na Naisc).

Déan liosta de na cineálacha éagsúla foinsí a úsáidtear chun aistear na hÉireann i dtreo an aontachais a rianú sa cháipéis sin. I ngach cás, abair cé acu is foinse phríomha nó foinse thánaisteach atá i gceist..

Aimsigh sleachta

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.6 agus 3.12

Aimsigh sleachta ó na daoine a bhunaigh an tAontas Eorpach, ina bhfuil siad ag labhairt faoin tábhacht a bhaineann leis an gcomhtháthú ar mhaithe le síocháin agus athmhuintearas. Bain úsáid as na sleachta sin, agus pictiúir oiriúnacha in éineacht leo, i bpóstaer i gcomhair Lá na hEorpa (an 9 Bealtaine). Ar an gcoirnéal ar thaobh na láimhe deise de do phóstaer, cuir leabharliosta san áireamh ina bhfuil tagairt do na foinsí a d'úsáid tú agus an póstaer á dhearadh agat.

CV Europass

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.7, 1.9, 2.5 agus 3.12

Agus sibh ag baint úsáid as an teimpléad CV Europass, téigí ag obair ina ngrúpaí beaga chun CV a ullmhú i leith duine cáiliúil amháin a raibh baint aige nó aici le bunú an Aontais Eorpaigh nó leis an bpróiseas síochána ar oileán na hÉireann (féach na Naisc).

Ba cheart béim a leagan sa CV ar eispéiris agus gairm an té a roghnaigh sibh, agus ar an gcaoi ar chuidigh sé nó sí an tsíocháin a chothú.

Súil siar ar an Eoraip

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.11, 2.11 agus 3.12

Reáchtáladh seacht reifreann a bhain le ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach, ag tosú in 1972. Is iad seo a leanas na reifrinn sin:

1972: Accession to the European Communities

1987: Single European Act

1992: Treaty on European Union

2002: Treaty of Nice

2008: Treaty of Lisbon

2009: Treaty of Lisbon

2012: Treaty on Stability, Coordination and Governance in the Economic and Monetary Union

D'éirigh le gach ceann acu seachas an chéad reifreann ar Chonradh Liospóin agus rinneadh athruithe ar Bhunreacht na hÉireann dá mbarr.


Déan taighde ar cheann de na reifrinn sin (féach na Naisc), agus ansin cuir agallamh ar dhaoine muinteartha leat nó daoine den phobal a cháith vóta sa reifreann sin. Iarr orthu súil a chaitheadh siar ar aimsir na vótála agus ar an dearcadh a bhí ag daoine i leith an Aontais Eorpaigh an tráth sin, agus déan comparáid idir na freagraí uathu agus cúrsaí mar atá sa lá atá inniu ann. Déan taifead fuaime ar a gcuid cuimhní cinn (faigh cead uathu ar dtús!) agus cruthaigh cartlann leictreonach lena thabhairt do leabharlann na scoile nó leabharlann, iarsmalann nó cumann staire áitiúil.

Píchairt na síochána

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.2, 2.5 agus 3.12

Cóipeáil an ghrafaic ar dheis chun píchairt a dhéanamh. Úsáid an méid atá ar eolas agat faoin bhforbairt atá tagtha ar an gcaidreamh idir Éire agus an tAontas Eorpach chun pointí éagsúla a lua mar fhreagra ar cheann de na ráitis seo a leanas:

- Bhí ról rithábachtach ag an Aontas Eorpach maidir le síocháin a chothú i dTuaisceart Éireann
- Ní bheidh aon tionchar ag an mBreataimeacht (Brexit) ar an tsíocháin san Aontas Eorpach



Naisc Úsáideacha

Leabharliosta

- V. L. Birchfield, J. Krige agus A. R. Young, 'European integration as a peace project,' san iris The British Journal of Politics and International Relations, Imleabhar 19(1) 2017, lgh. 3–12.
- An tAontas Eorpach i mbeagán focal: https://europa.eu/european-union/about-eu/eu-in-brief_ga
- Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn, 'Éire san AE': https://ec.europa.eu/ireland/about-us/ireland-in-eu_ga
- Parlaimint na hEorpa, 'Factsheets on the European Union: Northern Ireland PEACE programme': <http://www.europarl.europa.eu/factsheets/en/home>
- D. Mulhall, 'How the European Union Helped the U.K. and Ireland Move from War to Peace' san iris TIME, 2016: <http://time.com>

Aimsigh foinsí

- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, 'Ireland's accession journey, 1950-1973' <https://www.dfa.ie/our-role-policies/ireland-in-the-eu/our-engagement-with-the-eu/>

CV Europass

- Teimpléad i gcomhair CV Europass: <https://europass.cedefop.europa.eu/editors/en/cv/compose>
- An tAontas Eorpach, 'Ceannródaithe AE': https://europa.eu/european-union/about-eu/history/eu-pioneers_ga
- L. Kennedy, C. Parr, J. Morrison & M. Callaghan, 'Good Friday Agreement: ten key people who helped bring about peace in Northern Ireland 20 years ago', The Conversation, Aibreán 2018: <https://theconversation.com>

Súil siar ar an Eoraip

- An Coimisiún Reifrinn – eolas faoi reifrinn roimhe seo: <https://www.refcom.ie>

SNÁITHE A DÓ: STAIR NA HEORPA AGUS AN DOMHAN MÓR

GNÉ DEN SNÁITHE: PRÍOMHATHRUITHE A AITHINT



Toradh foghlama mar thús aistir = 3.1

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: **'imscrúdú a dhéanamh ar shaol daoine i saoránacht ársa nó mheánaoiseach dá rogha féin agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar rannchuidigh gníomhartha agus/nó éachtaí na saoránachta sin le stair na hEorpa agus/nó an domhan mór'**



FÓCAS:

AN tSIBHIALTACHT ÁRSA AR RAPA NUI (OILEÁN NA CÁSCA)

Ar Dhomhnach Cásca, an 5 Aibreán 1722, thug Jacob Roggeveen, taiscéalaí ón Ísiltír, faoi deara oileán ar thug sé Oileán na Cásca mar ainm air. Limistéar 66 mhíle chearnacha is ea Oileán na Cásca nó Rapa Nui, atá 2,300 míle siar ó chósta na Sile agus 1,300 míle soir ó Oileán Pitcairn na Polainéise. Ba chúis iontais ag Roggeveen é nach raibh ag muintir an oileáin ach curacha beaga, a scaoil isteach an t-uisce agus nach raibh áit iontu ach do bheirt ar a mhéad. Thug Roggeveen suntas do thírdhreach a ndúirt sé faoi nach raibh aon cheo le sonrú ann ach bochtaineacht agus loime amach is amach. Mar sin féin, bhí iontas an domhain air na dealbha cloiche a fheiceáil, a n-aghaidheanna i dtreo na talún, agus níor fhéad sé a thuiscint conas a d'fhéad daoine na dealbha sin, a bhí 30 troigh ar airde agus iad stuama téagartha, a thógáil gan adhmaid láidir tiubh a bheith acu chun meaisíní a dhéanamh, ná rópaí láidre. Is ag tagairt do 393 dhealbha a bhí Roggeveen, agus iad suite feadh an chósta den chuid ba mhó.

Sa leabhar a scríobh sé, *Collapse: How societies choose to fail or succeed*, maíonn an t-údar Jared Diamond gur theastaigh go leor leor daoine chun na dealbha a shnoí, a iompar agus a chur in airde, agus go gcaithfidh sé go raibh oibríthe sainoilte ann a raibh cónaí orthu i sochaí a bhí sách saibhir chun tacaíocht a thabhairt don obair sin. Creideann Diamond gur chónaigh suas le 30,000 duine ar an oileán tráth, cé gur thart timpeall is 3,000 duine a mheas Roggeveen a bhí ann nuair a thug seisean cuairt ar an áit sa bhliain 1722.

Easter Island was likely settled by Polynesians some time before the discovery of the island. Dream mairnéalach arbh ea iad a raibh an-chumas acu ó thaobh na loingseoireachta. Pleanáladh i gcomhair na lonnaithe sin agus ullmhaíodh fána coinne, agus thug daoine táirgí leo ón mbaile. Insítear scéal traidisiúnta i measc mhuintir Oileán na Cásca gurbh é Hotu Matu'a (an tOll-Tuismitheoir) a bhí i gceannas ar na chéad lonnaitheoirí, agus gur thaistil seisean chuig an oileán i gcurach mhór in éineacht lena bhean chéile, seisear mac leis agus daoine eile. Meastar go raibh Oileán na Cásca scoite amach ón saol ar feadh suas le míle bliain ón uair a lonnadh daoine ann go dtí gur tháinig longa Roggeveen chomh fada leis in 1722.

Idir thaoisigh agus an chosmhuintir a bhí ina gcónaí ar Oileán na Cásca. Bhíodh na taoisigh ina gcónaí i dtithe móra feadh an chósta agus istigh faoin tír a bhíodh cónaí ar na gnáthdhaoine. Thart ar 12 chríoch a bhíodh ar an oileán, agus gach ceann acu faoi úinéireacht ag fine nó teaghlach ar leith. Bhíodh a taoiseach féin ag gach críoch, agus bhíodh ahu, ardán cloiche ar a bhfuil na moai (dealbha a léirigh daoine mór le rá i measc shinsir na fine, agus iad ag breathnú isteach faoin tír), ar chríoch na fine. Ba mhinic a chuirí cloch throm dhearg a raibh cruth sorcóra uirthi os cionn na moai. Meastar gur léirigh na clocha sin na ceannbhirde chleítí dearga a raibh meas mór orthu ar fud na Polainéise, agus a bhíodh á gcaitheadh ag na taoisigh. Ar chúl an ahu tá créamatóirí ina bhfuil iarsmaí na mílte corpán.

Ar feadh i bhfad, bhíodh na finte san iomaíocht le chéile chun na dealbha ab fhéarr a thógáil, ach bhídís ag comhoibriú le chéile freisin trí acmhainní a roinnt idir na críocha. Mar sin, mar shampla, d'fhéadfadh sé go raibh an cineál cloiche arbh fhéarr i gcomhair na dealbhóireachta i gcríoch fine amháin, agus gur i gcríoch fine eile a bhí na tránna arbh fhéarr ó thaobh curacha a chur chun farraige, agus gur i gcríoch eile fós a bhí an talamh arbh fhéarr i gcomhair na feirmeoireachta. Na bóithre idir na cairéil agus an cósta, arbh éigean na dealbha a iompar orthu, bhí siad ag gabháil trí chríocha éagsúla, agus sin rud eile a léiríonn go gcaithfidh sé go mbíodh na teaghlach ag obair as lámha a chéile.

Is éard a cheapann Jared Diamond ná gur dócha, tar éis go ndearnadh na dealbha, gur iompraíodh iad ar shleamhnáin adhmaid a mbíodh rópaí i bhfostú orthu. Tharraingíodh daoine na sleamhnáin sin ar railí comhthreomhara adhmaid a raibh trasphíosáí adhmaid orthu. In *Collapse*, deir sé gur theastaigh a lán bia ó na hoibríthe, a lán rópaí agus flúirse crainn mhóra théagartha chun na dealbha a dhéanamh. Ach faoin am a tháinig Roggeveen chomh fada le hOileán na Cásca in 1722, is ar éigean a bhí crann ar bith ag fás ar an oileán i gcomparáid le haon áit eile sa Pholainéis.

Tá fianaise ann a thugann le fios nach áit lom a bhí in Oileán na Cásca i gcónaí, ach, ar feadh na gcéadta mílte bliain agus an tráth ar lonnadh daoine ann ar dtús, gurbh fhóraois fho-thrópaiceach é ina raibh crainn arda agus toim, áit a raibh éin dhúchasacha, neadacha éan mara, sliogéisc agus araile. Deir Diamond gur timpeallacht íogair a bhí in Oileán na Cásca agus go raibh baol mór ann go ndéanfaí dífhóraoisíú air, agus nach bhféadfaí coinneáil suas leis an éileamh a bhí ar na crainn. Bhíodh crainn á ndó sa tine agus chun corpáin a chréamad. Leagadh go talamh iad chun an talamh a lomadh i gcomhair gairdíní, chun curacha a dhéanamh, agus chun adhmaid agus rópaí a chur ar fáil ar mhaithe le dealbha a iompar agus a chur in airde.

Ceapann Diamond gurbh é an tionchar a bhí ag an dhífhoraoisíú ar mhuintir an oileáin ná gur fágadh iad gan amháibhar agus gan bhia a bhídís ag fáil ó ainmhithe agus plandaí fiáine agus gur tháinig meath ar líon na mbarr mar gheall ar chreimeadh na hithreach ag an ngaoth agus ag an mbáisteach. Ní fhéadfaí curacha a thógáil a thuilleadh, rud a chuir isteach ar an gcumas a bhí ag muintir an oileáin a bheith ag iascaireacht san fharraige mhór. Faoi lár na 1600idí, b'éigean do mhuintir an oileáin luibheanna, féara agus barra eile a dhó mar bhreosla. Cuireadh deireadh le créamad na gcorpán agus tosaíodh ar an mumú agus ar adhlacadh cnámh ina áit sin. Aeráid bhog atá in Oileán na Cásca, ach is gaofar an áit é, agus cé nach dtiteann a lán baistí, síothlaítear an bháisteach sin go tréan san ithir bholcánach. D'fhág na tosca sin go léir gur cuireadh leis na deacrachtaí comhshaoil a bhí ag muintir an oileáin mar gheall ar an dífhóraoisíú agus an ró-úsáid.

Thosaigh muintir na háite ag fáil bháis den ocras, agus, dar le Diamond, tháinig laghdú mór ar an daonra agus d'iompáigh daoine ar an gcanabhlacht. Níor tógadh an oiread dealbh is a bhí ag tógáil roimhe sin, agus stopadh á dtógáil thart ar an mbliain 1620. Tháinig meath de réir a chéile ar chumhacht na dtaoiseach agus na sagart, agus cloíodh iad thart ar 1680, tráth ar thosaigh cogadh cathartha. Leag finte moai a chéile d'aon ghnó, agus briseadh ag an muineál iad. Faoin mbliain 1868 ní raibh moai ar bith fós ina sheasamh ar an oileán.

Sa bhliain 1774, chaith an Captaen Cook ceithre lá ar Oileán na Cásca agus dúirt sé gur dream iad muintir an oileáin a bhí beag, tanaí, cúthail agus cuma chéasta orthu. As sin amach, bhíodh daoine ag taisteal ón Eoraip chuig an oileán agus thug siad galair nua leo. De réir na dtaifead, tharla an chéad ráig den bholgach sa bhliain 1836. Tosaíodh ag fuadach na n-oileánach chun iad a chur ag obair (rud ar thugadh 'black-birding' air) thart ar an mbliain 1805. Sa tréimhse 1862-63, d'fhuaadaigh longa ó Pheiriú thart ar 1,500 duine ó Oileán na Cásca, nó thart ar leath den daonra a bhí fós beo ann an tráth sin, agus dhíol siad iad lena gcur ag obair sna mianaigh guano i bPeiriú. Sa bhliain 1888, rinne rialtas na Sile Oileán na Cásca a ionghabháil agus rinneadh stocfheirm chaorach de. Sáinníodh muintir an oileáin go léir i sráidbhaile amháin agus bhídís ag obair don chuideachta Albanach – a bhí lonnaithe sa tSile – a bhí i mbun na stocfheirme. Is in olcas arís a chuaigh creimeadh na hithreach mar gheall ar an innilt, agus d'imigh an fásra dúchasach ar fad a bhí fágtha as dá bharr sin.



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim.
- **Sprioc 14:** Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe.
- **Sprioc 15:** Éiceachórais talún a chosaint, a athshlánú agus a n-úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe, cur i gcoinne fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a stopadh agus a chur ar gcúl agus deireadh a chur le cailiteanas bithéagsúlachta.



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Ozymandias


Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.3

‘Ozymandias’ le Percy Bysshe Shelley (1817)

*I met a traveller from an antique land
Who said: ‘Two vast and trunkless legs of stone
Stand in the desert. Near them, on the sand,
Half sunk, a shattered visage lies, whose frown,
And wrinkled lip and sneer of cold command,
Tell that its sculptor well those passions read,
Which yet survive, stamp’d on these lifeless things,
The hand that mockt them and the heart that fed:
And on the pedestal these words appear:
‘My name is Ozymandias, king of kings:
Look on my works, ye Mighty, and despair!’
Nothing beside remains. Round the decay
Of that colossal wreck, boundless and bare
The lone and level sand stretch far away.*

Déan achoimre i d’fhocail féin ar an méid a cheapann tú a bhí Shelley ag iarraidh a rá.

Agus sibh ina ngrúpaí beaga, smaoinígí ar an gceangal a d’fhéadfadh a bheith idir an dán sin le Shelley agus meath na sibhialtachta ar Oileán na Cásca. Cuir príomhphointí an chomhrá i láthair an ranga.



Pointí díospóireachta

Cuir díospóireacht ranga ar bun faoin rún seo a leanas: ‘Mura dtugaimid aird ar na ceachtanna atá le foghlaim ó Oileán na Cásca, is ionann é sin agus gan aird ar bith a thabhairt ar thábhacht na forbartha inbhuanaithe’.

Walking with Giants

Bainteach freisin le *Torthaí Foghlama 1.5 agus 1.6*

Guardaigh ar YouTube i gcomhair ‘Walking with Giants: How the Easter Island Moai Moved’, clár de chuid National Geographic, agus breathnaigh air (féach na Naisc).

Pléigh cé acu de na cúig theoiric faoin gcaoi ar bogadh na moai ó áit go háit atá ag teacht leis an teoiric atá ag Jared Diamond faoi dhaonra mór a bheith ar Oileán na Cásca tráth agus faoin difhóraoisíú a bheith ina thoradh ar tháirgeadh na maoi.

Revising history

Links also to LOs 1.3, 1.5, 1.6 & 3.2

Níor aontaigh an seandálaí Carl Lipo leis an teoiric atá ag Jared Diamond faoin gcaoi ar chlis ar an tsochaí ar Oileán na Cásca. Tar éis dó blianta a chaitheamh i mbun staidéar ar fhianaise sheandálaíochta ar an oileán, chuir Lipo teoiric eile i láthair atá bunaithe ar an bhfianaise nua a bhí faighte aige.

Guardaigh YouTube le haghaidh ‘Lessons from Easter Island’ (féach na Naisc), clár a rinne Carl Lipo, agus breathnaigh air. Agus tú ag breathnú air, breac síos trí phársa fianaise ar a laghad a chuir Lipo i láthair chun cur i gcoinne na teoirice a bhí ag Diamond faoin gcaoi ar chlis ar an tsochaí ar Oileán na Cásca.

Litir ó Oileán na Cásca

Bainteach freisin le *Torthaí Foghlama 1.3 agus 3.2*

Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, léigí ceann de na sleachta as dialanna pearsanta agus logleabhair long de chuid taiscéalaithe agus daoine a thug cuairt ar Oileán na Cásca idir 1687 agus 1884 (féach na Naisc).

Samhlaígí gur fhág muintir an oileáin sin litir ina ndiaidh do mhuintir na linne seo.

Scríobhaigí an litir sin agus luaigí inti: sonraí faoin saol a chaith muintir an oileáin (taoisigh agus/nó an chosmhuintir); cur síos ar ghníomhartha agus ar éachtaí mhuintir an oileáin; agus comhairle a chuirfeadh sibh ar aos óg na linne seo.



Naisc Úsáideacha

Leabharliosta

- J. Diamond, *Collapse: How societies choose to fail or succeed* (Nua-Eabhrac, 2005)
- J. Diamond, ‘Why do societies collapse’, TedTalk 2003, (18.08 nóiméad): <https://www.ted.com>

Walking with Giants

- National Geographic, ‘Walking with Giants: How the Easter Island Moai Moved’ 2012 (4.14 nóiméad): <https://www.youtube.com>

Athbhreithniú ar an stair

- Carl Lipo ‘Lessons from Easter Island,’ TEDxBermuda 2014 (21.50 nóiméad) <https://www.youtube.com>

Litir ó Oileán na Cásca

- Sleachta as logleabhair agus dialanna long, 1687-1884: <https://www.easterisland.travel/easter-island-facts-and-info/history/ship-logs-and-journals/>

SNÁITHE A TRÍ: STAIR NA HEORPA AGUS AN DOMHAN MÓR

GNÉ DEN SNÁITHE: PRÍOMHATHRUITHE A AITHINT



Toradh foghlama mar thús aistir = 3.4

Students should be able to: 'discuss the general causes and course of World War One or World War Two and the immediate and long-term impact of the war on people and nations'.



FÓCAS:

Tionchar na mban a bhí ag obair le linn an Dara Cogadh Domhanda

Le linn an Dara Cogadh Domhanda, bhíodh mná sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá ag obair i monarchana muinisean, ag tógáil long agus eitleán, ina mbarraigh aer-ruathair, ina n-oifigigh dóiteán agus ina n-oifigigh aslonnaithe, ag tiomáint innill dóiteán, traenacha agus tramanna, ina mná ticéad ar na busanna, ina n-altraí, ina gcódscaoilteoirí, ina bpíolótaí, ina n-eolaithe agus ina spairí. An tráth ba mheasa a bhí an cogadh ag réabadh, leag rialtais tábhacht mhór ar a ndóthain oibríthe a aimsiú chun tacú le tionscail agus chun obair an chogaidh a dhéanamh. Ba í 'Rosie the Riveter' an réalta de chuid feachtas Meiriceánach a bhí dírithe ar mhná a earcú, agus tháinig clú agus cáil uirthi mar shiombail d'oibríthe mná. Cuireadh a híomhá os comhair an tsaol ar dtús ar chlúdach The Saturday Evening Post ar an 29 Bealtaine 1943. An t-ealaíontóir Norman Rockwell, léirigh sé Rosie mar dhuine fearúil, a raibh bratach taobh thiar di agus an leabhar Mein Kampf le Adolf Hitler faoina cosa. Le blianta beaga anuas, is mó den íomhá bhanda atá ag Rosie i súile an phobail, ar bhonn an phictiúir a rinne J. Howard Miller di. Sa phictiúr sin, tá na matáin á n-aclú ag Rosie, a bhfuil bandána dearg uirthi, agus tá an téacs 'We Can Do It!' scríofa lena taobh. Le linn an Dara Cogadh Domhanda, mar gheall ar mhná a bheith ag tabhairt faoi phoist ardoilte a shamhláití le fir roimhe sin, spreagadh díospóireachtaí faoi phá comhionann. Bhí imní ar cheardchumainn faoin tionchar ar phá na bhfear tar éis an chogaidh nuair a d'fhillfeadh na fir ar na poist sin. Tháinig siad ar chomhaontú éigin faoinar ceadaíodh pá comhionann a thabhairt do mhná más rud é go ndearna siad an post céanna le fir 'gan chúnaimh gan mhaoirseacht'. Ach, den chuid ba mhó, níor íocadh leis na mná a thóg áit na bhfear ach 53% de phá na bhfear, ar an meán. Cuireadh poist leathoilte agus poist neamhoilte i leataobh mar phoist do mhná agus níor clúdaíodh iad faoin gcaibidlíocht a bhain le pá comhionann.




Fíor 7: Rosie the Riveter ar chlúdach The Saturday Evening Post, le Norman Rockwell



Fíor 8: Rosie the Riveter le J. Howard Miller

Bhí dúshlán mhóra le sárú ag oibríthe mná, go háirithe máithreacha, le linn an Dara Cogadh Domhanda. D'áitigh Eleanor Roosevelt ar a fear céile, an tUachtarán Franklin D. Roosevelt, na chead áiseanna cúraim páistí de chuid rialtas na Stát Aontaithe a cheadú faoin Acht Áiseanna Pobail, 1942. Faoi dheireadh, tógadh seacht n-ionad, inar tugadh aire do 105,000 páiste. Sa Ríocht Aontaithe, cuireadh maoiniú stáit ar fáil chun naíonraí a bhunú le linn an chogaidh, chun freastal ar na riachtanais cúraim leanáí a bhí ag na máithreacha a chuaigh amach ag obair.

Tugadh moladh do mhná as ucht a gcuid oibre le linn an chogaidh, ach bhí daoine ag súil go dtabharfaidís suas na poist nuair a tháinig na fir ar ais abhaile ag deireadh an chogaidh. Spreag an rialtas na mná chun filleadh ar a róil féin mar mhná tí agus bhí cosc fós ina lán cásanna ar mhná pósta a bheith ag obair. Mar sin féin, mar thoradh ar an méadú a tháinig ar líon na n-oibríthe mná le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus an Dara Cogadh Domhanda, leagadh an bhunchloch do theacht chun cinn na ngrúpaí feimineach sna 60idí agus sna 70idí, agus cuireadh leis an tuiscint a bhí ag daoine ar neamhionannas inscne.



Fíor 9: Grafaic de chuid na heagraíochta 'Mná NA' (2017): Na Mná i bhFórsa Saothair an Domhain

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le comhionannas inscne, deir an eagraíocht 'Mná NA' nach ndúnfar an bhearna phá idir fir agus mná go dtí an bhliain 2086, má choinnítear leis na treocheartaí atá ann faoi láthair. Ar domhan sa lá atá inniu ann, déanann mná trí oiread an méid oibre teaghlaigh agus an méid oibre gan íocaíocht is a dhéanann na fir. Na gairmithe a bhíonn ag obair i réimse na heolaíochta, ní mná iad ach 30% díobh, agus ní mná iad ach duine as ceathrar de pharlaiminteoirí an domhain. Ní hé amháin go bhfuil an comhionannas inscne ina Sprioc Dhomhanda as féin chun dul i ngleic leis na dúshlán sin, ach is téama é a bhaineann le cuid mhór de na Spriocanna Domhanda atá ag na Náisiúin Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Gan comhionannas inscne, ní féidir an chuid eile de na Spriocanna a bhaint amach.



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 5:** Comhionannas inscne a bhaint amach agus cumhacht a thabhairt do gach bean agus gach cailín.
- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách.
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha.



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Cuardach ar an idirlíon

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.7

Déan taighde ar an méid a rinne oibrithe mná aonair le linn an Dara Cogadh Domhanda. (Leid: déan cuardach ar Google i gcomhair cuid de na focail a úsáidtear sa chéad abairt san eolas cúlra thuas.)

Samhlaigh go bhfuil tusa ag obair ar eagrán speisialta faoin Dara Cogadh Domhanda den leabhar do pháistí Good Night stories for rebel girls, leabhar a bhfuil an-éileamh air (féach na Naisc). Roghnaigh an bhean a cheapann tú is mó a bhfuil creidiúint agus aitheantas ag dul di agus scríobh beathaisnéis fúithi (leathanach amháin), ag díriú ar an méid a rinne sí le linn aimsir an chogaidh agus ar na héachtaí a rinne sí.

Déan machnamh gairid ag deireadh na beathaisnéise ina dtabharfaidh tú cúis amháin gurb í an bhean sin a roghnaigh tú, an dá rud ba spéisiúla fúithi dar leat agus trí cheist ar mhaith leat a chur uirthi dá mbeifeá sáinnithe in ardaitheoir léi.

Na Mná i ndiaidh an Chogaidh

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1 agus 1.2

Cuardaigh ar YouTube i gcomhair an scannáin ‘Women after the war’ (9.48 nóiméad), a d’fhoilsigh an Directorate of Kinematography (Stiúrthóireacht na Cineamatagrafaíochta) sa Ríocht Aontaithe in 1946 chun díospóireacht a spreagadh faoi cheist na mban agus na hoibre.

Déan amach tábla le Microsoft Word ina bhfuil trí cholún, mar atá thíos. Sa chéad cholún, scríobh síos na pointí atá le closteáil agus le feiceáil sa scannán faoi ról na mban sa bhaile agus ag an obair. Cuir tic sa dara colún nó sa tríú colún i gcás gach pointe (tic amháin in aghaidh an phointe nó in aghaidh an ró).

Glac páirt i ndíospóireacht ranga faoi cé chomh hábhartha is atá na pointí sin i gcás shaol na mban díreach tar éis an Dara Cogadh Domhanda agus i gcás mhná na linne seo.

Pointí	Mná a bheith sa bhaile amháin	Mná a bheith sa bhaile agus ag an obair
Cuir isteach pointe anseo	Cuir tic anseo má tá do phointe ag tacú le mná a bheith sa bhaile amháin	Cuir tic anseo má tá do phointe ag tacú le ról a bheith ag mná sa bhaile agus ag an obair

A mhná an domhain, tagaigí le chéile! Tráth na gCeist

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.10 agus 2.9

Is eagraíocht de chuid na Náisiún Aontaithe é Mná NA atá dírithe ar chomhionannas inscne agus ar chumhachtú na mban. Féach ar an amlíne idirghníomhach a d’fhoilsigh Mná NA maidir le gníomhaíochas ban (féach na Naisc). Díriú ar an tréimhse i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Breac síos nótaí faoi dhaoine, grúpaí nó imeachtaí a bhfuil spéis ar leith agat iontu.

Agus sibh ag obair i ngrúpaí beaga, cuirigí bhur gcuid nótaí le chéile chun smaoineamh ar chúig cheist ar a laghad i gcomhair seisiúin tráth na gceist. Déanaigí iarracht meascán ceisteanna a bheith agaibh. Mar shampla, ceisteanna a bhfuil freagra ‘tá/níl’ orthu, ceisteanna a bhfuil freagra ‘fíor/bréagach’ orthu, focal in easnamh le líonadh isteach, abairt le críochnú nó tic le cur leis an bhfreagra ceart.

Tugaigí bhur gcuid ceisteanna (leis na freagraí cearta) don mhúinteoir agus iarraigí air nó uirthi iad a úsáid i dtráth na gceist sa seomra ranga.

Ag Lorg Rosie

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1, 1.2, 1.11 agus 2.9

Féach ar an scannán Rosie the Riveter: Real Women Workers in World War II i gcomhair tuilleadh eolais faoin íomhá Rosie the Riveter (féach na Naisc).

Glac páirt i ndíospóireacht ranga faoi rólchuspaí comhionannais inscne agus faoi cén duine a bheadh ina Rosie the Riveter sa lá atá inniu ann, dar libh.

Déan d’íomhá féin de Rosie the Riveter – ag baint úsáid as grianghraf nó líníocht de dhuine spreagúil. Cuir teideal nó mana leis an íomhá a bhfuil baint aige le ceist comhionannais inscne a bhfuil imní ort fúithi nó a thug spreagadh duit. Cuirigí bhur gcuid íomhánna ar taispeáint sa scoil chun feachtas a mhúscailt faoi chomhionannas inscne.



Naisc Úsáideacha

Leabharliosta

- Anitha, S. and Pearson, R. (2013) Striking Women – The impact of WWII on women’s work. Lincoln: University of Lincoln: <http://www.striking-women.org>
- BBC. ‘Did WWII change life for women’: <http://www.bbc.co.uk/guides/z2j9d2p>
- Myers S. agus Kurt Piehler, G. (2018) ‘How one ‘Rosie the Riveter’ poster won out over all the others and became a symbol of female empowerment’, The Conversation, Bealtaine 2018: <https://theconversation.com>

Na Mná i ndiaidh an chogaidh

- Directorate of Kinematography (1946), ‘Women after the war’ (9.48 nóiméad): <https://www.youtube.com>

A mhná an domhain, tagaigí le chéile! Tráth na gCeist

- ná NA, ‘Women of the world, unite!’, amlíne idirghníomhach: <http://www.unwomen.org/en/digital-library/multimedia/2018/2/timeline-womenunite>

Ag Lorg Rosie

- Leabharlann Chomhdháil na Stát Aontaithe, ‘Rosie the Riveter: Real Women Workers in World War II’ (14 nóiméad): https://www.loc.gov/today/cyberlc/feature_wdesc.php?rec=3350
- An bailiúchán ‘Veteran’s History Project’ de chuid Leabharlann Chomhdháil na Stát Aontaithe: <https://www.loc.gov/vets/> (cliceáil ar ‘search the veteran’s collection’, cuir isteach an focal ‘riveter’, cuir tic le WWII, civilian, female, digitised – yes, audio/video).

SNÁITHE A TRÍ: STAIR NA HEORPA AGUS AN DOMHAN MÓR

GNÉ DEN SNÁITHE: DAOINE, CULTÚR AGUS SMAOINTE A FHIOSRÚ



Toradh foghlama mar thús aistir = 3.10

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: **‘tábhacht an chinedhíothaithe a fhiosrú, lena n-áirítear cúiseanna, cúrsa agus iarmhairtí an Uileloiscthe’.**



FÓCAS:

An bunús a bhí le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú, agus mar a chuirtear i bhfeidhm é

Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú ar an 9 Nollaig 1948 – ba é Rún 260 de chuid an Chomhthionóil Ghinearálta é. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an 12 Eanáir 1951. Tugtar sainmhíniú ar an gcinedhíothú i dtéarmaí dlíthiúla ann agus tá sé ina thoradh ar bhlianta feachtasaíochta a rinne Raphael Lemkin, dlíodóir Polannach-Mheiriceánach. Chum Lemkin an focal Béarla ‘genocide’ in 1944 ó genos (an focal Gréigise ar theaghlach, fine, nó cine) agus -cide (an Laidin ar ‘marú’). Bhí sé ag trácht ar an dúnmharú córasach a rinne na Naitsithe ar Ghiúdaigh le linn an Dara Cogadh Domhanda, ach bhí sé go mór faoi thionchar freisin ag bearta roimhe sin a bhí dírithe ar léirscrios a dhéanamh ar ghrúpaí saineola, ar nós an tslada a rinne Otamánaigh ar Airméanaigh in 1915-17.

Leagtar síos in Airteagal I den Choinbhinsiún go bhféadfar coir an chinedhíothaithe a dhéanamh i gcomhthéacs coinbhleacht armtha, bíodh an choinbhleacht sin idirnáisiúnta nó ná bíodh, ach go bhféadfar an choir sin a dhéanamh freisin tráth a bhfuil an tsíocháin i réim. Is minic gur leithne í an tuiscint a bhíonn ag an bpobal ar céard is cinedhíothú ann ná an sainmhíniú a thugtar air faoin dlí idirnáisiúnta. In Airteagal II den Choinbhinsiún maidir le Cinedhíothú, sonraítear go bhfuil dhá phríomhghné ag baint leis an gcinedhíothú:

1. Gné mheabhrach: an intinn nó an rún grúpa náisiúnta, eitneach, ciníoch nó creidimh a scriosadh, go hiomlán nó go páirteach
2. Gné fhisiceach, lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha seo a leanas:
 - Daoine den ghrúpa a mharú
 - Díobháil thromchúiseach choirp nó mheabhrach a dhéanamh do dhaoine den ghrúpa
 - Dálaí maireachtála atá ceaptha chun scriosadh fhisiceach a dhéanamh, go hiomlán nó go páirteach, a bhrú d’aon ghnó ar an ngrúpa
 - Bearta a chur i bhfeidhm atá dírithe ar bhreitheanna a chosc laistigh den ghrúpa (sa chaoi is nach mbeidh páistí ag na daoine sa ghrúpa)
 - Páistí de chuid an ghrúpa a aistriú go héigeantach chuig grúpa eile

ThIs minic gur deacair a chinneadh an bhfuil ‘intinn nó rún’ i gceist sa ghné mheabhrach. Ionas gur féidir a rá gur cinedhíothú a rinneadh, ní mór a chruthú go raibh sé ar intinn ag na daoine a líomhnaítear a rinne an choir go scriosfaí grúpa náisiúnta, eitneach, ciníoch nó creidimh. Ní mheastar gur leor scriosadh cultúir, ná bearta a dhéantar chun grúpa daoine a scaipeadh nó a scaradh óna chéile. Chomh maith leis sin, rinneadh ceangal sa chásdlí idir ‘intinn’ agus plean nó beartas Stáit nó eagraíochta eile a bheith ann, fiú mura bhfuil an ghné sin san áireamh sa sainmhíniú ar chinedhíothú sa dlí idirnáisiúnta.

Tá an Coinbhinsiún daingnithe ag 149 Stát (amhail Eanáir na bliana 2018). Moltar do na tíortha go léir atá páirteach ann gníomhartha cinedhíothaithe le linn cogaidh agus in aimsir na síochána a chosc agus pionós a ghearradh ina leith. Sonraítear in Airteagal 3 den Choinbhinsiún go bhféadfar pionós a ghearradh i leith na ngníomhartha seo a leanas (mar a luaitear san Acht um Chinedhíothú, 1973):

- a Cinedhíothú
- b Comhcheilg maidir le cinedhíothú a dhéanamh
- c Gríosú díreach agus poiblí le cinedhíothú a dhéanamh
- d Iarracht ar chinedhíothú a dhéanamh
- e Comhpháirteachas i gcinedhíothú

Cé gur glacadh leis an gCoinbhinsiún maidir le Cinedhíothú in 1951, ba dheacair é a chur i bhfeidhm an tráth sin mar nár bh ann d’aon chúirt idirnáisiúnta bhuan a raibh sé de chumhacht aici iad siúd a rinne sárú air a chúiseamh. Tar éis foréigean ollmhór, ‘glanadh eitneach’ agus an cinedhíothaithe san Iúgslaiv agus i Ruanda le linn na 1990idí, bhunaigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe dhá chúirt shealadacha chun an dlí a chur ar dhéantóirí coire. Ansin in 1998, tháinig ionadaithe ó níos mó ná 160 tír le chéile san Iodáil le haghaidh Chomhdháil na Róimhe. Bhí sé ina thoradh ar an gcomhdháil sin go ndearnadh formheas ar Reacht na Róimhe, faoinar bunaíodh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

Tháinig na chéad chásanna os comhair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta in 2002. Tá an chúirt neamhspleách ar na Náisiún Aontaithe agus is ‘cúirt na dídine deiridh’ í, rud a chiallaíonn nach féidir léi imeachtaí dlí a thionscnamh ach amháin más rud é nach féidir le cúirteanna na dtíortha aonair gníomhú, nó nach bhfuil siad sásta gníomhú. Féadfaidh sí glacadh le cásanna má iarrann ballstát uirthi cabhrú leis, má ordaíonn Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe di cás a imscrúdú, nó má chinneann a príomh-ionchúisitheoir féin cás a imscrúdú. Ó bunaíodh í, tá imscrúdú déanta ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ar choireanna i ndeich dtír, agus ina measc siúd tá Uganda, an tSúdáin (maidir le Darfur), Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Libia, agus Poblacht na hAfraice Láir.



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha.
- **Sprioc 16:** Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag cách agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal.





Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

An choir gan ainm

Cuardaigh ar www.facinghistory.org le haghaidh an scannáin ‘Conventional Revolution: Raphael Lemkin and the Crime Without a Name’. Breac síos nótaí agus tú ag breathnú air. Ansin, samhlaigh gur ag obair d’iris teilifíse atá tú agus gur iarradh ort blurba (cúpla abairt chun lucht féachana a mhealladh) a scríobh faoin ngearrscannán sin, a chraolfar an tseachtain seo chugainn. Dírig do bhlurba ar scoláirí na sraithe sóisearaí a d’fhéadfadh a bheith ag foghlaim faoin gcinedhíothú sa rang Staire.

Carr iarnróid ó ré an Uileloiscthe

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.1

Thart ar 10 dtroithe faoi 25 troithe a bhí carranna iarnróid na Gearmáine ó ré an Dara Cogadh Domhanda, agus d’aistrítí suas le 200 duine chuig campaí géibhinn iontu. Is minic nár tháinig suas le 30% de na daoine sin slán ón turas.

Daoine a tháinig slán

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.1 agus Toradh Foghlama 1.4

Scríobh síos trí cheist ar a laghad ar mhaith leat a chur ar dhuine a tháinig slán ón Uileloiscadh – d’fhéadfadh na ceisteanna a bheith faoi céard ba chúis leis, faoin méid a tharla lena linn nó faoin na torthaí a bhí air, ar an leibhéal pearsanta nó ar leibhéal ginearálta.

Féach ar scéalta ó dhaoine a tháinig slán ón Uileloiscadh agus a tháinig chun cónaí in Éirinn (féach na Naisc). An bhfuil freagraí do chuid ceisteanna acu?

Scríobh litir chuig an lontaobhas um Oideachas faoin Uileloiscadh agus déan cur síos inti ar do chuid thuairimí tar éis duit breathnú ar an gcuntas a thug na daoine sin a tháinig slán. Ba cheart an méid seo a leanas a bheith sa litir: seoladh na scoile; seoladh an lontaobhais um Oideachas faoin Uileloiscadh; dáta na litreach; beannacht, cur síos ar an méid a d’fhoghlaim tú ó bheith ag éisteacht le scéalta na ndaoine a tháinig slán agus aon cheist atá agat fós; agus dea-ghuá ag deireadh na litreach. Cuir an litir sa phost sa chaoi is go sroichfidh sí a ceann scríbe ar Lá Cuimhneacháin an Uileloiscthe, an 29 Eanáir, nó thart ar an am sin.

Spreagadh chun gnímh

Cuardaigh YouTube le haghaidh an scannáin de chuid na Náisiún Aontaithe (2018) darb ainm ‘The Genocide Convention: A Call for Action’ (féach na Naisc), agus féach air. Déan liosta de na babhtá cinedhíothaithe a ndéantar tagairt dóibh sa scannán sin (leid: trí cinn a luaitear san iomlán).

Fiosraigh ceann eile

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.7

Roghnaigh ceann amháin de na cásanna thíos a bhféadfadh sé gur sampla den chinedhíothú é, nó roghnaigh ceann eile as do stuaim féin. Déan taighde air agus scríobh machnamh, bunaithe ar fhianaise, ar cé acu an bhféadfaí an téarma ‘cinedhíothú’ a úsáid chun cur síos a dhéanamh air nó nach bhféadfaí.

Ó 1492: an chaoi ar caitheadh le hIndiaigh Mheiriceá (Na Chéad Náisiúin)

An naoú agus an fichiú haois: An Ghluin Ghoidte (An Astráil)

1840idí: An Gorta Mór in Éirinn (an méid a rinne rialtas na Breataine)

1910idí: An slad a rinne Otamánaigh ar Airméanaigh

1970idí: An Chambóid

1994: Ruanda

1990idí: An Iúgslaiv (An Bhoisnia-Srebrenica)

2000idí: An tSúdáin (Darfur)

2010idí: An tSiria

2010idí: Maenmar (an ghéarleanúint i gcoinne na Róihinsí)

Fáiscíní páipéir

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1 agus 1.3

In 1998, chuir múinteoirí ag Scoil Mheánach Whitwell, Tennessee, rang faoin Uileloiscadh ar bun. Fuair na scoláirí amach gur chaith daoine san Iorua fáiscíní páipéir le linn an Dara Cogadh Domhanda mar shiombail den agóid i gcoinne na forghabhála a bhí ar bun ag na Naitsithe. Ba dheacair ag scoláirí Whitwell a shamhlú an líon ollmhór Giúdach – sé mhilliún duine – a fuair bás le linn an Uileloiscthe agus chinn siad sé mhilliún fáiscín páipéir a bhailiú – ceann i leith gach duine a maraíodh.

Faoin mbliain 2001, le cabhair ó dhaoine ar fud an domhain, bhí carr iarnróid Gearmánach faighte ag an scoil agus athchóiriú déanta aici air, agus líon na scoláirí é le cuid de na fáiscíní páipéir a bailíodh – breis is 30 milliún fáiscín. Rinneadh taifeadadh ar an tionscadal agus craoladh clár faisnéise, dar teideal Paper Clips, in 2004.

Pléigh a thábhachtaí atá sé go mbeadh daoine óga na linne seo ag smaoineamh ar an Uileloiscadh agus ar chásanna eile ina ndearnadh cinedhíothú, agus á gcomóradh.



Naisc Úsáideacha

Leabharliosta

- Oifig na Náisiún Aontaithe um an gCinedhíothú a Chosc agus an fhreagracht daoine a chosaint: <http://www.un.org/en/genocideprevention/genocide.html>

An choir gan ainm

- ‘Conventional Revolution: Raphael Lemkin and the Crime Without a Name’ (13.44 nóiméad): <http://www.facinghistory.org>

Daoine a tháinig slán

- Lontaobhas na hÉireann um Oideachas faoin Uileloiscadh ‘Holocaust survivors living in Ireland recount their stories’ (37.15 nóiméad): <http://hetireland.org/videos/holocaust-survivors-living-in-ireland-recount-their-stories/>

Spreagadh chun gnímh

- Na Náisiúin Aontaithe, ‘The Genocide Convention: A Call for Action’, 2018 (4.04 nóiméad): <http://www.youtube.com>

Fáiscíní páipéir agus daoine

- One clip at a time – Paper Clip project: <http://www.oneclipatime.org/>



SNÁITHE A TRÍ: STAIR NA HEORPA AGUS AN DOMHAN MÓR

GNÉ DEN SNÁITHE: SMAOINTEOIREACHT STAIRIÚIL A CHUR I BHFEIDHM



Toradh foghlama mar thús aistir = 3.12

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘machnamh a dhéanamh ar ról eagraíocht idirnáisiúnta, cosúil leis an Aontas Eorpach nó na Náisiúin Aontaithe, maidir le comhar idirnáisiúnta, ceartas agus cearta daonna a chur chun cinn’.



FÓCAS:

Na Náisiúin Aontaithe, agus cion agus ról na hÉireann mar bhallstát ó 1955 i leith

Baineadh úsáid as an ainm ‘Na Náisiúin Aontaithe’, a chum Franklin D. Roosevelt, Uachtarán na Stát Aontaithe, den chéad uair ar an 1 Eanáir 1942, le linn an Dara Cogadh Domhanda, nuair a gheall ionadaithe ó 26 náisiún go leanfadh a rialtais orthu ag troid le chéile i gcoinne Chumhachtaí na hAise (an Ghearmáin, an Iodáil agus an tSeapáin). Tar éis an chogaidh, d’aithin ceannairí domhanda go raibh gá le heagraíocht dhomhanda a chuideodh leis an tsíocháin a chothú agus lena chinntiú nach dtarlódh cogaí feasta. Síníodh cáipéis bhunaidh na Náisiúin Aontaithe, Cairt na Náisiúin Aontaithe, ar an 26 Meitheamh 1945, in San Francisco.

Fóram is ea na Náisiúin Aontaithe inar féidir leis na 193 ballstát ceisteanna deacra a ardú agus a phlé, fadhbanna cogaidh agus síochána ina measc. Chomh maith leis an tsíocháin agus an tslándáil a chothú ar domhan, cosnaíonn eagraíocht na Náisiúin Aontaithe cearta an duine, tugann sí cabhair dhaonnúil, cuireann sí an fhorbairt inbhuanaithe chun cinn agus seasann sí leis an dlí idirnáisiúnta. Íocann baill na Náisiúin Aontaithe as gach rud a dhéanann an eagraíocht, de réir scála measúnachtaí a chomhaontaíonn gach tír. Tá an scála sin bunaithe ar chumas íoca tíre, ar a hioncam agus ar dhaonra na dtíortha éagsúla.

Eagraíocht na Náisiúin Aontaithe:

- Tugann sí bia agus cúnamh do 80 milliún duine in 80 tír
- Cuireann sí vacsaíní ar fáil do 45% de pháistí an domhain, rud a chuidíonn le trí mhilliún duine a thabhairt slán gach bliain
- Cabhraíonn sí le níos mó ná 65 milliún duine atá ag teitheadh ó chogadh, gorta agus géarleanúint, agus tugann sí cosaint dóibh
- Bíonn sí ag obair le 195 náisiún chun an t-ardú sa teocht dhomhanda a choinneáil faoi bhun 2 chéim Celsius (Comhaontú Pháras)
- Cothaíonn sí an tsíocháin: tá 117,000 coimeádaí síochána aici in 15 oibríocht ar cheithre ilchríoch
- Cuireann sí i gcoinne na fíorbhochtaineachta, ionas gur fearr an saol atá ag níos mó ná 1 bhilliún duine
- Déanann sí cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an domhain agus trí 80 conradh/dearbhu
- Déanann sí comhordú ar achainí dar luach \$23.5 billiún chun freastal ar na riachtanais dhaonnúla atá ag níos mó ná 101 milliún duine
- Baineann sí leas as an taidhleoireacht chun coinbhleachtaí a chosc: cabhraíonn sé le thart ar 67 dtír in aghaidh na bliana lena gcuid toghcháin
- Tacaíonn sí le sláinte máithreacha, agus cuidíonn sí le breis agus milliún bean in aghaidh na míosa an ceann is fearr a fháil ar rioscaí a bhaineann leis an toircheas

Chuaigh Éire isteach sna Náisiúin Aontaithe sa bhliain 1955. Tá trúpaí de chuid na hÉireann ina gcoimeádaithe síochána ar fud an domhain faoi bhratach na Náisiúin Aontaithe le breis agus 50 bliain anois – ó 1958 i leith, in áiteanna deacra dúshlánacha ar nós an Mheánoirthir, an Chongó agus na hAfraice Thiar agus na hAfraice Thuaidh. In 2018, rinneadh é a chomóradh go raibh 60 bliain imithe tharainn ó chuir Éire coimeádaithe síochána chun bealaigh den chéad uair in 1958. Is ag Éirinn atá an teist is faide gan bhriseadh ó thaobh coimeádaithe síochána de chuid na Náisiúin Aontaithe: tá breis is 70,000 turas dualgais curtha díobh ag fir agus mná de chuid Óglaigh na hÉireann.

Mar gheall ar a ballraíocht sna Náisiúin Aontaithe, is féidir le hÉirinn dul i bhfeidhm ar cheisteanna domhanda cé gur tír bheag muid. D’fhóin Mary Robinson, iarUachtarán na hÉireann, mar Ard-Choimisinéir na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Duine ó 1997 go 2002. Toghadh Éire chun fónamh ar Chomhairle na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Duine le linn na tréimhse 2013-2015. Leagadh de chúram ar Bhuanionadaí na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe, an t-iarAmbasadóir David Donoghue, mar aon le Buan-Ionadaí na Céinia, Macharia Kamau, éascú don chéim dheiridh den chaibidlíocht as ar eascair Spriocanna Domhanda na Náisiúin Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Ba iad na Spriocanna Domhanda an toradh a bhí ar an gcomhairliúchán poiblí ba mhó riamh a rinne na Náisiúin Aontaithe. Ghlac thart ar naoi milliún duine páirt i mbabhtáí caibidlíochta, i gcruinnithe poiblí agus i suirbhé ar líne. Ghlac ballstáit na Náisiúin Aontaithe, agus Éire ina measc, na Spriocanna Domhanda i mí Mheán Fómhair 2015. Seacht gcinn déag de spriocanna atá i gceist, agus 169 guspóir atá dírithe ar an méid seo a leanas:

- ✓ Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, cibé cén áit a bhfuil sí
- ✓ Deireadh a chur leis an ocras
- ✓ Comhionannas inscne a bhaint amach
- ✓ Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- ✓ A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar fhuinneamh ar phraghas réasúnta, atá iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha

Níl na Spriocanna Domhanda ceangailteach ó thaobh dlí de, ach bítear ag súil leis go mbunóidh rialtais creatlaí náisiúnta ina dtaobh agus go dtabharfaidh siad tuairiscí ar an dul chun cinn a dhéantar ina leith. D’fhoilsigh Éire a Plean Náisiúnta maidir le Forfheidhmiú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i mí Aibreáin 2018, agus chuir an tAire Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil an chéad Athbheithniú Náisiúnta Deonach (tuarascáil ar dhul chun cinn i leith na Spriocanna Domhanda) faoi bhráid na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Iúil 2018.





Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Amlíne maidir le cearta

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.10

Tarraing amlíne ina dtaispeántar cúig cinn ar a laghad de Dhearbhuithe/Coinbhinsiúin (ionstraimí) de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaineann le cearta an duine. Ní mór ionstraim amháin ar a laghad a bheith san amlíne a bhfuil baint ar leith aici le cearta daoine óga. Ba cheart duit íomhánna agus téacs a chur leis an amlíne, agus d'fhéadfaí a dhéanamh ar ríomhaire más maith leat.

Taispeáin sampla de na hamlínte a rinne sibh do mhúinteoir OSSP amháin nó níos mó sa scoil. Iarr orthu é a thaispeáint dá gcuid scoláirí agus iad ag foghlaim faoi chearta agus freagrachtaí an duine (Snáithe a hAon – gearrchúrsa OSSP).

Foinsí fianaise

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.4, 1.6 agus 1.11

Ullmhaigh liosta d'fhoinsí féideartha a bhfuil baint acu le ról na hÉireann mar bhallstát de chuid na Náisiún Aontaithe agus leis na freagrachtaí atá ag gabháil leis sin.

Bíodh na nithe seo a leanas i do liosta: bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha; agus, foinsí ar dócha go bhfuil fianaise ó 1955 iontu (nuair a chuaigh Éire isteach sna Náisiún Aontaithe). Cleachtaigh do chuid scileanna staire trí bhreathnú go géar ar cheann de na foinsí i do liosta. Agus tú ag breathnú ar an bhfoinse sin, cuir na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé a rinne an fhoinse seo? Cén uair a rinneadh í?
2. Cén fáth a ndearnadh an fhoinse seo? Céard iad na heachtraí stairiúla is bonn léi?
3. Céard a insíonn an fhoinse seo dúinn? Céard iad na leideanna atá inti? Cén t-eolas a thugtar dúinn san fhoinse faoin tréimhse ghinearálta sin sa stair?
4. An seasann foinsí eile leis an eolas atá san fhoinse seo, nó an é go mbréagnaíonn siad an t-eolas sin? Cé na fíricí atá ag teacht salach ar a chéile iontu, más cinn ar bith?
5. Céard iad na ceisteanna nach bhfreagraítear san fhoinse seo?

Eolas Síochána

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.6, 1.9 agus 1.11

Déan grafaic faisnéise atá bunaithe ar shonraí a bhaineann leis an gcion a rinne Éire ar mhaithe le misin síochánaíochta na Náisiún Aontaithe. Féach na Naisc thíos i gcomhair suíomh gréasáin ina bhfuil eolas ábhartha.

Iarratas ar shuíochán ar an gComhairle Slándála

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.9 agus 1.11

I mí Iúil 2018, chuir Éire tús oifigiúil lena hiarracht ar cheann de na suíocháin neamhbhuana ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bheith aici ó 2021 ar aghaidh. Bhí an suíochán dhá bhliain sin ag Éirinn roimhe seo in 1962, in 1981-82 agus in 2001-02. Is é an chaoi go bhfaigheann tíortha éagsúla deis an suíochán a bheith acu. Mar chuid d'fheachtas na tréimhse 2018-2020 chun vótaí a mhealladh ó bhallstáit eile de chuid na Náisiún Aontaithe, d'eisigh rialtas na hÉireann físeán (féach na Naisc). Cuardaigh an scannán sin ar YouTube. Agus tú ag breathnú air, breac síos nótaí faoi na tagairtí a dhéantar do na rudaí seo a leanas: stair na hÉireann; agus ról na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta, an ceartas agus cearta an duine a chur chun cinn. Bain úsáid as do chuid nótaí le cuidiú leat páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ranga faoi cé acu ar cheart nó nár cheart d'Éirinn iarratas a dhéanamh ar an suíochán sin ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.



Naisc Úsáideacha

Leabharliosta

- The Essential UN: <http://www.un.org/en/essential-un/>
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – Ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta – Na Náisiún Aontaithe: <https://www.dfa.ie>
- Obair shíochánaíochta na Náisiún Aontaithe: <https://peacekeeping.un.org/en>
- Eoghan Rice 'David Donoghue: The SDGs can end extreme poverty' Márta 2018: <https://www.trocaire.org>

Eolas Síochána

- Óglaigh na hÉireann, 'Ireland's involvement with the UN': <http://www.military.ie/overseas/organisation/irelands-involvement-with-the-un/>

Iarratas ar shuíochán ar an gComhairle Slándála

- Feachtas na hÉireann ar son suíochán ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (4.57 nóiméad): <https://www.youtube.com>

SNÁITHE A TRÍ: STAIR NA HEORPA AGUS AN DOMHAN MÓR

GNÉ DEN SNÁITHE: SMAOINTEOIREACHT STAIRIÚIL A CHUR I BHFEIDHM



Toradh foghlama mar thús aistir = 3.14

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'patrúin athraithe thar thréimhsí ama difriúla i dtéama ar leith a léiriú (cosúil le, m.sh. Coireacht agus Pionós, Bia agus Deoch, Súgradh, Spórt agus Caitheamh Aimsire, Faisean agus Dreach nó Sláinte agus Leigheas)'.



FÓCAS:

Earraí cuimhneacháin agus cuimhní cinn, san am atá caite agus sa lá atá inniu ann

Agus daoine ag dul ó áit go háit, tugann siad leo earraí cuimhneacháin, nó rudaí beaga a chuidíonn leo duine nó áit a choinneáil buan ina gcumhne. Tugann siad a leithéid uathu freisin agus iad ag fágáil baile, nó tugtar féiríní beaga dá leithéid dóibh. Uaireanta is fiú roinnt airgid na hearraí cuimhneacháin beaga sin, ach is iad na daoine ar mór acu iad a thuigeann a luach i ndáiríre. Tá athrú tagtha le himeacht ama ar an gcineál earraí cuimhneacháin a fhágann daoine ina ndiaidh nó a thugann siad leo, mar gheall ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht den chuid is mó, ach is í an bhrí chéanna atá leis na rudaí sin i gcónaí

An tráth sin... earraí cuimhneacháin na bpríosúnach

Tosaíodh ag aistriú príosúnach thar lear sna 1600idí, tráth ar tugadh na chéad daoránaigh (príosúnaigh) ó Shasana go coilíneachtaí thall i Meiriceá. Nuair a tharla Cogadh Réabhlóideach Mheiriceá (1775-1783) agus nuair a dhiúltaigh iarchoilíneachtaí glacadh le príosúnaigh, bunaíodh coilíneachtaí pianseirbhíse in New South Wales agus i gcríoch Van Diemen (ar a dtugtar an Tasmáin anois), agus ní ba dhéanaí aistríodh príosúnaigh chuig Victoria agus Iarthar na hAstráile freisin. Sa bhliain 1853, stopadh ag aistriú na bpríosúnach chuig coilíneachtaí in Oirthear na hAstráile, agus cuireadh deireadh iomlán leis an gcleachtas sin in 1868 nuair a tháinig an long príosúnach deiridh chomh fada le Freemantle in Iarthar na hAstráile. Go dtí 1868, 141,000 príosúnach fir agus 26,000 príosúnach mná a cuireadh chuig coilíneachtaí na hAstráile, ar 825 long príosúnach.

Faoi 1853, measadh go raibh 40,000 príosúnach (29,466 fhear agus 9,104 bhean) tugtha díreach ó Éirinn chuig na coilíneachtaí sin. Ceaptar gur seoladh 8,000 príosúnach eile a rugadh in Éirinn chuig na coilíneachtaí sin ó Shasana. Fágann sé sin gurbh in Éirinn a rugadh thart ar an gceathrú cuid de na príosúnaigh go léir a aistríodh chuig an Astráil sa tréimhse 1788-1853.

Bhí léamh ag thart ar 60% de na príosúnaigh Éireannacha agus bhí scríobh ag idir 40-50% díobh freisin. B'fhadhb inti féin an neamhlitearthacht sin, ach ba mheasa fós a bhí cúrsaí cumarsáide mar gheall gur thóg sé achar fad ama ar litreacha dul idir an Astráil agus Éire. I gcás go leor de na daoine a cuireadh thar lear, ní raibh teagmháil ar bith acu ina dhiaidh sin leis na daoine a d'fhág siad ina ndiaidh. Ghreanaigh roinnt príosúnach geall geana nó geall grá ar bhonn airgid mar bhealach chun cuimhneachán beag a fhágáil ag duine muinteartha sular cuireadh thar lear é nó í. Ainm eile a tugadh ar na siombailí beaga nó na geallta grá sin arbh ea 'croíthe luaidhe' nó 'cártaí poist roimh chur chun farraige'. Teachtaireachtaí pearsanta ón gcroí a bhíonn greanta orthu, ó na príosúnaigh chucu siúd a d'fhág siad ina ndiaidh.

Is minic a bhíonn ainm an phríosúnaigh agus ainm an duine muinteartha leis nó léi ar an ngeall grá, chomh maith le fad na pianbhreithe agus frásaí agus rannta ar ghnách a úsáid tráth a mbíodh daoine ag scaradh óna chéile. B'iondúil iad a dhéanamh thart timpeall tráth an chiontaithe. Rinneadh na geallta grá a ghreanadh nó a bhreicniú, is é sin iad a phriocadh le biorán chun pictiúr nó téacs a chur orthu. Is in Ard-Mhúsaem na hAstráile atá an bailiúchán is mó ar domhan de gheallta grá de chuid na bpríosúnach – 314 rud san iomlán, agus na samplaí seo a leanas ina measc ó Éireannaigh a ciontaíodh agus a aistríodh ó Shasana:

Ba shúdaire (duine a dhéanann leathar de chraicne ainmhithe) ó Bhaile Átha Cliath é Peter Martin. Bhog sé go Gloucester, áit mhór le rá i dtionscal an leathair. Bhí sé pósta agus bhí beirt iníonacha aige. Bhí léamh agus scríobh ag Peter Martin. Nuair a bhí sé 30 bliain d'aois, ciontaíodh é as bille malairte (nó seic) a bhrionnú, sé sin ceann bréige a dhéanamh. Cuireadh chun bealaigh é ar an long Prince George, a chuir chun farraige ag triall ar New South Wales ar an 20 Nollaig 1836. Bhain an long a ceann scríbe amach ar an 8 Bealtaine 1837. Scaoileadh ar choinníoll é sa bhliain 1845. Bhí an téacs seo a leanas ar an ngeall grá a d'fhág sé ina dhiaidh:

A
KEEP SAKE
from
PETER MARTIN
tanner Gloster
to
Marcela Martin
August 24
1836

Táilliúir agus giolla stábla arbh ea William Holmes (nó Dublin Bill, mar arbh fhearr aithne air). In 1844, agus é 21 bhliain d'aois, ciontaíodh é ag Seisiúin na Ráithe in Warwick, Coventry as biorán óir a ghoid, ar bhfiú deich nguine é. Cuireadh chun bealaigh é ar an Sir Robert Peel, a chuir chun farraige ag triall ar Chríoch Van Diemen ar an 6 Meán Fómhair 1844. Chuir sé téarma príosúin 12 mhí isteach ar dtús leis an mbuíon ag Deloraine. Diúltaíodh faoi dhó é a scaoileadh ar choinníoll, ach scaoileadh saor ar deireadh é in 1850. Fuair sé bás de bharr slaghdáin in Hobart sa bhliain 1863, agus é 43 bliana d'aois. Seo a bhí scríofa ar a gheall grá:

Roasann
Holmes Aged
19ys Aquit July
5 1844. Dear
Wife Forget
Me Not

Níl mórán geallta grá ann, go bhfios dúinn, ó phríosúnaigh a cuireadh díreach ó Éirinn chuig na coilíneachtaí. Tá ceann acu sin ar taispeáint i Músaem Imrice na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus níl scríofa air ach an focal 'Paddy'.

Ní raibh aon ghiuirleídí (earraí beaga pearsanta) ag formhór na bpríosúnach agus iad ar a n-aistear, ach, i measc na bpríosúnach, tháinig 37% de na fir agus 15% de na mná chomh fada leis na coilíneachtaí le tatú amháin nó níos mó orthu. Rinneadh anailís ar dhearaí i gcomhair tatúnna a raibh dáta luaite leo, inar taispeánadh gur cuireadh an tatú ar 40% de na príosúnaigh an bhliain ar ciontaíodh nó ar aistríodh é nó í, agus gurbh iondúil gurb é a spreag na tatúnna ná an scaradh éigeantach ó dhaoine muinteartha. Bhí an-tóir ar an ancaire, siombail dóchais agus seasmhachta, agus ba mhinic inisealacha an duine muinteartha nó an leannáin a bheith in aice leis an íomhá.



Fíor 10: Aimsíodh an geall grá ó 'Paddy' le déanaí i gcartlann mhúsaem eisimrice na hÉireann

Anois... earraí cuimhneacháin de chuid na ndéanaithe

Is treise anois ná riamh é an t-easáitiú éigeantach. Faoi 2018, b'éigean do 68.5 milliún duine ar fud an domhain, an líon daoine ba mhó riamh, imeacht óna n-áiteanna cónaithe féin mar gheall ar choinbheacht nó géarleanúint. Ina measc siúd bhí beagnach 25.4 milliún dídeanach, a bhfuil níos mó ná a leath faoi 18 mbliana d'aois.

Fágann dídeanaithe formhór a gcuid giuirléidí ina ndiaidh. Ní bhíonn mórán á iompar acu, mar gheall gur aistear contúirteach achrannach a bhíonn le cur díobh acu. Uaireanta ligeann siad amú giuirléidí ar an mbealach nó bíonn orthu rudaí a dhíol le híoc as turas nó as bia agus uisce. In 2015, d'iarr an Coiste Tarrhála Idirnáisiúnta ar dhídeanaithe cur síos a dhéanamh ar a gcuid giuirléidí.

Máthair ón tSiria:

- Caipín don leanbh
- Cógais éagsúla, buidéal uisce steiriúil, agus próca bia linbh
- Líon beag clúidíní
- Hata agus péire stocaí don leanbh
- Cógais i gcomhair faoiseamh ó phian, taos gréine agus uachtar iarghréine, taos fiacla
- Cáipéisí pearsanta (agus liosta na vacsaíní atá faighte ag an leanbh ina measc)
- Sparán (ina bhfuil airgead agus cáipéis aitheantais a bhfuil grianghraif uirthi)
- Luchtaire fóin phóca
- Banda cinn búí

Déagóir ón Afganastáin:

- Treabhsar amháin, léine amháin, péire bróg agus péire stocaí
- Seampú agus glóthach ghruaige, scuab fiacla agus taos fiacla, uachtar éadain a fhágann an craiceann níos gile
- Cíor, bearrthóir ingne
- Bindealáin
- 100 dollar de chuid SAM
- 130 lira de chuid na Tuirc
- Fón póca cliste agus fón póca cúltaca
- Cátaí SIM don Afganastáin, don Iaráin agus don Tuirc

Is minic go mbíonn earraí cuimhneacháin ag dídeanaithe ar nós eochracha an tí arbh éigean dóibh é a fhágáil, agus cáipéisí aitheantais ar nós pasanna agus fóin phóca. Baineann tábhacht ar leith leis na fóin mar gur iontu a stóráiltear teagmhálaithe agus grianghraif, agus bíonn dídeanaithe ag brath ar aipeanna cosúil le WhatsApp, Viber agus Line chun dul i dteagmháil lena muintir sa bhaile. Úsáideann siad Google Maps agus Facebook Messenger chun bealach sábháilte a aimsiú thar theorainneacha. Bíonn siad i gcónaí ag cuardach cártaí nua SIM i gcomhair na tíre ina bhfuil siad faoi láthair, agus WI-FI poiblí. Chun a gcuid fón a choinneáil sábháilte ar aistir farraige, cuirtear i malaí plaisteacha iad, nó isteach i mbalún. Bíonn teachtaireacht SOS clóscríofa ag roinnt daoine ina bhfuil a suíomh beacht GPS, ionas go mbeidh an teachtaireacht réidh le seoladh más gá chuig liosta uimhreacha réamhshocraithe, ar fhaitíos go dtosóidh an bád ag dul faoi. Nuair a thagann siad i dtír, is minic gurb é an chéad rud a dhéanann siad féinín a thógáil agus é a sheoladh chuig a dteaghlach agus a gcairde lena chur in iúl dóibh go bhfuil an chuid sin den aistear curtha díobh acu.



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Spríoc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha.



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Seat scáileáin de gheall grá

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1 agus 1.8

Féach ar an gcartlann ar líne ina bhfuil geallta grá na bpríosúnach (féach an nasc thíos). Aimsigh ceithre gheall grá ar a laghad ó bhlianta éagsúla. Déan staidéar orthu (an tosach agus an cúl) agus bain úsáid as an bhfeidhm inbhéartaithe chun féachaint an bhfágfar an téacs aon phioc níos soiléire. Tóg seatanna scáileáin de gach geall grá (an dá thaobh) agus den téacs tras-scríofa ó gach ceann, más ann dó. Comhroinnigí na ceithre gheall grá le chéile agus sibh ina ngrúpaí beaga agus roghnaíodh an grúpa an ceann is fearr libh lena chur i láthair an ranga.

Comhbhá le daoine ón am atá caite

(Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1, 1.8, agus 2.11)

Cuardaigh bunachar sonraí na n-aistrithe idir Éire agus an Astráil (féach an nasc thíos) le haghaidh príosúnaigh ar cuireadh triail orthu i do chontae féin. Scrúdaigh na taifid ó do thorthaí cuardaigh agus roghnaigh príosúnach amháin a bhfuil cuma spésiúil air nó uirthi.

Dear ceachtar díobh seo a leanas: (1) geall grá nó (2) tatú a d'fhéadfadh an príosúnach sin (1) a bheith fágtha ag duine muinteartha aige nó aici roimh chur chun farraige, nó (2) a bheith faighte aige nó aici le linn an turais. Ba chóir cuid den fhaisnéis ó thaifead iompair an phríosúnaigh a bheith sa dearadh a dhéanfaidh tú, mar shampla, ainm, aois, inscne, áit agus dáta na trialach, cur síos ar an gcoir, an phianbhreith agus ainm na loinge.

What they took with them

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1, 1.9, agus 1.11

Féach ar Cate Blanchett agus daoine cáiliúla eile ag aithris dán rithimeach faoi chuimhní cinn, earraí cuimhneacháin agus giuirléidí de chuid na ndéanach, 'What They Took with Them' (féach na Naisc). Agus tú ag breathnú air, déan liosta de na rudaí a thugann dídeanaithe leo ar a dteitheadh dóibh. Déan catalóg de na rudaí sin faoi na ceanteidil 'riachtanais' (rudaí a theastaíonn ó dhaoine chun maireachtáil, cosúil le bia, uisce nó dídean) agus 'mianta' (rudaí neamhriachtanacha nó earraí só, ar nós uachtar reoite nó seacláid).

Cuir díospóireacht ranga ar bun faoin rún seo a leanas:

'Ní earraí riachtanacha iad na hearraí cuimhneacháin a thugann daoine leo nuair a bhíonn orthu a dtír féin a fhágáil'. Bain úsáid as samplaí ón méid atá foghlamtha agat faoi phríosúnaigh, faoi dhídeanaithe agus faoi ghrúpaí eile a cuireadh óna dtíortha féin chun do chuid pointí a neartú.

Amlíne chuimhne

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1, 1.3, 1.4, 1.6, 1.10, 1.11 agus 2.11

Déan taighde ar na déantáin éagsúla ar ghnách le daoine iad a dhéanamh nó a bhailiú chun daoine muinteartha nó cairde leo nó áiteanna ar leith a choinneáil buan ina gcuimhne. Samplaí dóibhsean is ea pictiúir nó portráidí, dlaoithe ghruaige, seodra bróin, earraí tí, oidis chócaireachta, éadaí, litreacha, grianghraif srl.

Iarr ar dhaoine muinteartha agus cairde leat an bhfuil samplaí acu de dhéantáin a chuidíonn leo cuimhneamh ar an am atá thart. Cuir in ord na déantáin go léir a bhailigh an rang in amlíne chróineolaíoch agus tóg grianghraif den amlíne. Úsáid na grianghraif sin chun cur i láthair a ullmhú (cur i láthair ranga, bliainghrúpa nó scoile) faoi na cosúlachtaí idir an t-am atá caite agus an lá inniu ó thaobh na ndéantán sin, agus na difríochtaí eatarthu.

Nóta do mhúinteoirí:

Féach ar an scannán 'What they took with them' sula dtaispeánfar sa rang é lena chinntiú go bhfuil do ghrúpa scoláirí féin in ann ag an ábhar atá ann.

Mála droma machnaimh

Déan machnamh ar gach rud a tharla agus tú ag glacadh páirt sna gníomhaíochtaí sa chuid seo. Anois, samhlaigh go bhfuil mála droma agat atá i gcomhair do chuid machnaimh. Smaoinigh ar na rudaí go léir is mian leat a fhágáil i do dhiaidh – seansmaointe, míthuiscintí, meonta, creidimh nó amanna nach ndeachaigh an saol leat. Samhlaigh gur féidir leat iadsan go léir a fhágáil i do dhiaidh nuair a shiúlfaidh tú leat le do mhála droma. Smaoinigh ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ar fad a d'fhoghlaim tú agus ar mhaith leat iad a choinneáil. Samhlaigh go bhfuil tú á bpacáil siúd i do mhála droma machnaimh agus á n-iompar leat agus tú ag bailiú leat. Imagine yourself packing these into your reflection rucksack and carrying it with you when you walk away.



Naisc Úsáideacha

Leabharliosta

- Simon Barnard. *Convict Tattoos: Marked men and women of Australia*. Text Publishing Company, 2016.
- Patrick Farrell. *The Irish in Australia*. Kensington: New South Wales University Press, 1987.
- M. Field and T. Millet. Eagarthóirí. *Convict Love Tokens*. Adelaide: Wakefield Press, 1998.
- Hyde Park Barracks Museum: <https://sydneylivingmuseums.com.au/hyde-park-barracks-museum>
- An Coiste Tarrhála Idirnáisiúnta. What's in my bag? What refugees bring when they run for their lives: <https://medium.com/uprooted/>
- Patrick Kingsley agus Sima Diab, 'Passport, lifejacket, lemons: what Syrian refugees pack for the crossing to Europe', *The Guardian*, an 4 Meán Fómhair 2015: <https://www.theguardian.com>
- Sracfhéachaint ar fhigiúirí ó UNHCR maidir le dídeanaithe: <http://www.unhcr.org>
- Patrick Witty, 'See how smartphones have become a lifeline for refugees', an iris TIME, 2015: <http://time.com>

Seat scáileáin de gheall grá

- Ard-Mhúsaem na hAstráile, geallta grá de chuid na bpríosúnach: <http://love-tokens.nma.gov.au/>

Comhbhá le daoine ón am atá caite

- Cartlann Náisiúnta na hÉireann, bunachar sonraí na n-aistrithe idir Éire agus an Astráil: <http://findingaids.nationalarchives.ie/index.php?category=18&subcategory=147>

What they took with them

- UNHCR, 'What they took with them' 2016 (5.24 nóiméad): <http://www.youtube.com>

Bí Gníomhach/Glac Páirt

Tá acmhainní chun tacú le múineadh agus foghlaim na dtéamaí forbartha trí chineálacha cur chuige an Oideachais Saoránachta Domhanda ar fáil ó shuímh ghréasáin de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha áirithe nó ó ardáin cosúil le developmenteducation.ie.

Tá clár gradam éagsúla ann do scoláirí iar-bhunscoile atá ag gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda mar chuid de Stair na Sraithe Sóisearaí. Is iad na cinn is ábhartha díobh siúd:

- Clár Ghradam an Phas Dhomhanda de chuid Scoileanna WorldWise – worldwiseschools.ie/wwgs-global-passport/
- Comórtas Staire Dheich mBliana na gCuimhneachán – <https://www.education.ie/historycompetition>
- Comórtas de chuid EUStory maidir le foghlaim trí thaighde – www.eustory.org
- The International History Bee and Bowl: rannán na hEorpa - <http://www.ihbbeurope.com/>
- Oilimpiad Idirnáisiúnta Staire – <http://www.historyolympiad.com/>

Tá WorldWise Global Schools buíoch as an gcúnamh agus an tacaíocht a fuair sé ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus an acmhainn seo á cur le chéile aige.



Scoileanna Domhanda WorldWise

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Saoránachta Domhanda. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Tá clár Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoi Scoileanna Domhanda WorldWise agus faoi na deiseanna atá ar fáil faoin gclár do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda – go háirithe conas iarratas a dhéanamh ar ár ngradam scoile, an Pas Domhanda – téigh go dtí an suíomh gréasáin **www.worldwiseschools.ie**.

Le haghaidh acmhainní agus smaointe breise a bhaineann leis an OSD lena n-úsáid i ranganna Béarla, tabhair cuairt ar **developmenteducation.ie** – bunachar sonraí téamacha inchuardaithe ina bhfuil ábhar ranga don OSD ó bhlianta na luath-óige ar aghaidh. Tá acmhainní ann atá dírithe ar churaclaim éagsúla agus ar aoisghrúpaí éagsúla.

Déan teagmháil le foireann Scoileanna Domhanda WorldWise

Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Saoránachta Domhanda in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Scoileanna Domhanda WorldWise, Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8

www.worldwiseschools.ie | **Ríomhphost** info@worldwiseschools.ie | **Teil.** 01 685 2078



Irish Aid

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus
Department of Foreign Affairs and
Trade



Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Saoránachta Domhanda. Tá clár Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

